C/2025/4091

18.7.2025

OLAF-TUARASCAIL BHLIANTÚIL 2024 C/2025/4085

(C/2025/4091)

Comhaltaí an choiste

Angelo Maria Quaglini
Cathaoirleach Choiste Maoirseachta OLAF
Comhalta den choiste ó bhí an 23 Meán Fómhair 2022 ann

Breitheamh ag an gCúirt Iniúchóirí, an Iodáil.

Dušan Sterle
Comhalta den choiste ó bhí an 28 Márta 2022 ann

Comhairleoir Aire, an Aireacht Gnóthaí Eachtracha agus Eorpacha, an tSlóivéin.

Iar-Stiúrthóir Oifig Maoirseachta Buiséid Phoblacht na Slóivéine, an Aireacht Airgeadais, an tSlóivéin.

Marita Salgrāve
Comhalta den choiste ó bhí an 23 Meán Fómhair 2022 ann

Bainisteoir, IDI na hEagraíochta Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta, Uasfhorais Iniúchóireachta Ghairmiúla agus Ábhartha.

Iar-Chomhalta den Chomhairle agus Iar-Stiúrthóir Iniúchóireachta, an tUasfhoras Iniúchóireachta, an Laitvia.

Iar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Lárnaí Airgeadais agus Conraitheoireachta, an Aireacht Airgeadais, an Laitvia.

Teresa Anjinho
Comhalta den Choiste ón 23 Meán Fómhair 2022 go dtí an 7 Feabhra 2025

Iar-Leas-Ombudsman agus Saineolaí Neamhspleách ar Chearta an Duine, an Phortaingéil.

Thierry Cretin
Comhalta den Choiste ón 9 Meán Fómhair 2022 go dtí an 22 Iúil 2024

Iar-chomhalta Francach de na breithiúna (breitheamh imscrúdaithe, leas-ionchúisitheoir poiblí, príomh-ionchúisitheoir). Iar-stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um Cheartas agus Tomhaltóirí agus na hArd-Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile araon sa Choimisiún Eorpach.

Réamhrá

Bliain an-táirgiúil ab ea 2024 do Choiste Maoirseachta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF). Dhírigh an Coiste ceithre thuairim mhionsonraithe chuig Ard-Stiúrthóir OLAF, lena n-áirítear dhá thuairim maidir le cumhachtaí OLAF imscrúduithe inmheánacha a dhéanamh. Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste freisin agus thug sé barúlacha uaidh i ndáil le dréacht athbhreithnithe de threoirlínte OLAF maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe, mar a cheanglaítear le hAirteagal 17(8) de Rialachán (AE, Euratom) 883/2013 (Rialachán OLAF). Bhí an Coiste in ann a chúraimí faireacháin a chur i gcrích ar bhealach an-éifeachtúil an-mheáite.

I mí Feabhra 2024, d'eisigh an Coiste an chéad tuairim uaidh faoi imscrúduithe comhlántacha OLAF. Sa tuairim, díríodh ar imscrúduithe comhlántacha a rinne OLAF ó bhí mí an Mheithimh 2021 ann, tráth a tháinig Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) i mbun oibríochta. Bhí sé beartaithe leis an tuairim tuiscint níos fearr a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil forbairt ag teacht ar chomhar OLAF le OIPE. Ina chonclúidí, mhol an Coiste OIPE agus OLAF araon as na hiarrachtaí dícheallacha a rinne siad chun go mbeadh rath ar an sásra nua sin sa chomhrac in aghaidh na calaoise. D'eisigh an Coiste dhá mholadh do OLAF maidir lena chomhar agus a mhalartuithe le OIPE a dhéanamh níos trédhearcaí agus maidir le dea-chleachtas riaracháin ábhartha a neartú. I bhfianaise chineál athraitheach na n-imscrúduithe comhlántacha, rinne an Coiste faireachán freisin ar 52 imscrúdú chomhlántacha OLAF a rinneadh in 2024 agus ar an gcaoi ar cuireadh a chuid moltaí chun feidhme. Sa tuarascáil bhliantúil seo, tugtar tuilleadh léargais ar sheoladh na n-imscrúduithe sin agus ar a ról mar uirlis fhíor-riachtanach sa chomhar idir an dá phríomhcholún d'ailtireacht frithchalaoise an Aontais, OLAF agus OIPE.

I mí na Bealtaine 2024, ghlac an Coiste tuairim faoi réamhdhréacht-bhuiséad OLAF le haghaidh 2025. Sa tuairim sin, tugadh le fios gur tháinig méadú 5 % ar réamhbhuiséad OLAF le haghaidh 2025 i gcomparáid le 2024. Tháinig an Coiste ar an gconclúid go raibh údar maith leis na méaduithe atá beartaithe ar línte buiséid aonair áirithe agus go raibh siad i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin maidir lena dhréachtbhuiséad le haghaidh 2025 a tharraingt suas. Chuir an Coiste i dtábhacht freisin a thábhachtaí atá sé acmhainneacht OLAF le haghaidh iniúchtaí ar an láthair a choinneáil ar bun, sin agus a bhuiséad teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide. Cuireadh i dtábhacht sa tuairim freisin an gá atá le hacmhainní daonna leordhóthanacha agus tugadh le fios gur díol sásaimh don Choiste na hacmhainní breise a leithdháileadh le haghaidh ról OLAF faoin tSaoráid don Úcráin.

In dhá thuairim eile, tugadh aghaidh ar shaincheisteanna dlí a bhaineann le hinniúlacht imscrúdaitheach OLAF. I dTuairim Uimh. 4/2024, scrúdaigh an Coiste an bhfuil sé de chumhacht ag OLAF imscrúdú a dhéanamh ar Fheisirí Pharlaimint na hEorpa agus ar chomhaltaí d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí (ICOGanna) i leith cionta tromchúiseacha a bhaineann le comhlíonadh a ndualgas gairmiúil, fiú nuair is cosúil nach ndéanann na cionta difear do leasanna airgeadais an Aontais. Tháinig an Coiste ar an gconclúid gur suíodh le breithiúnas Dalli go bhfuil inniúlacht ag OLAF imscrúduithe inmheánacha den chineál sin a dhéanamh agus go n-eascraíonn an inniúlacht sin go díreach as Airteagal 1(4) de Rialachán OLAF. Maidir leis an athbhreithniú atá le teacht ar Rialachán OLAF, mheas an Coiste gur am tráthúil a bheadh ann Airteagal 1(4) den rialachán a ailíniú go hiomlán le breithiúnas na Cúirte i gcás Dalli. Sholáthródh sé sin soiléireacht níos fearr agus chuirfeadh sé deireadh le hamhras faoi inniúlacht OLAF imscrúduithe inmheánacha dhéanamh ar chomhaltaí de ICOGanna ar imscrúduithe iad nach ndéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

Sa dara tuairim a glacadh go foirmiúil i mí Eanáir 2025, díríodh ar ról agus ar chumhachtaí OLAF maidir le hiompar míchuí agus ciapadh a imscrúdú laistigh de ICOGanna. Scrúdaigh an Coiste 20 cás ciaptha a dhíbh OLAF (cásanna nár osclaíodh imscrúduithe ina leith) le 5 bliana anuas (2018-2023), mar aon le naoi n-imscrúdú ar chiapadh a tugadh chun críche le linn na tréimhse céanna. Ba é aidhm na tuairime a mheasúnú arbh é OLAF an comhlacht ceart chun imscrúduithe den sórt sin a dhéanamh, sin agus chun an 'breisluach' a sholáthraíonn idirghabhálacha OLAF a mheasúnú.

Lean an Coiste den anailís ar na dréacht-treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe agus thug sé chun críche í. Ghlac an Coiste a thuairim go foirmiúil i mí na Samhna 2024. Dar leis an gCoiste, is cúram an-tábhachtach do OLAF é athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe ós rud é gur cheart a bheith mar thoradh ar an athbhreithniú glacadh treoirlínte atá cothrom le dáta, mionsonraithe, soiléir agus cuimsitheach. Bhí moltaí an Choiste dírithe ar a áirithiú go gcomhlíontar na prionsabail seo a leanas: (i) am réasúnta a bheith i gceist le himscrúduithe agus iad a bheith á ndéanamh ar bhonn leanúnach; (ii) próiseas cinnteoireachta soiléir; (iii) ráthaíochtaí nós imeachta a chur i bhfeidhm; (iv) trédhearcacht; agus (v) cóir chomhionann do dhaoine aonair le linn imscrúduithe. Gabhann an Coiste buíochas le OLAF as an idirphlé cuiditheach trédhearcach. Mar sin féin, is ábhar imní don Choiste an fógra a tugadh go luath in 2025 go raibh glacadh an leagain deiridh de na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe curtha siar. Measann an Coiste nach bhfuil údar maith leis an moill sin, i bhfianaise an dul chun cinn mhóir atá déanta ag OLAF cheana féin agus i bhfianaise an ama agus na hiarrachta nach beag atá déanta cheana féin ag OLAF agus ag na páirtithe leasmhara uile a thug ionchur luachmhar don athbhreithniú.

Lean an Coiste d'fhaireachán a dhéanamh ar fhad imscrúduithe OLAF agus tá torthaí an fhaireacháin sin san áireamh sa tuarascáil bhliantúil seo.

Ba cheart a thabhairt le fios freisin gur éirigh comhalta den Choiste as oifig i mí Iúil 2024, agus gur lean an Coiste dá ghníomhaíocht mar choiste ceathrar comhaltaí go dtí mí na Nollag 2024.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil, thar ceann na gcomhaltaí, le hArd-Stiúrthóir OLAF as an gcur chuige oscailte cuiditheach agus na malartuithe oscailte a rinne sé leis an gCoiste. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don tacaíocht luachmhar a thug comhaltaí na Rúnaíochta, ag gníomhú dóibh faoi bhainistiú ag Ceann na Rúnaíochta, don Choiste.

Angelo Maria Quaglini

Cathaoirleach Choiste Maoirseachta OLAF

Clár

Réamhrá 2

1. An Coiste i mbeagán focal 5

2. Gníomhaíochtaí faireacháin 6

2.1 *Tuairim 1/2024 maidir le himscrúduithe comhlántacha OLAF agus OIPE agus an cleachtadh leantach bliantúil.* 6

2.2 *Faireachán a dhéanamh ar bhuiséad agus ar acmhainní OLAF: Tuairim Uimh. 2/2024 — Réamhdhréacht-bhuiséad OLAF le haghaidh 2025* 8

2.3 *Tuairim 3/2024 — Treoirlínte OLAF maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe* 9

2.4 *Tuairim Uimh. 4/2024 — cumhacht OLAF imscrúduithe inmheánacha a dhéanamh: cás na gcomhaltaí d'institiúidí an Aontais* 11

2.5 *Dréacht-tuairim faoi imscrúduithe inmheánacha OLAF ar chiapadh laistigh d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí (ICOGanna) an Aontais* 14

2.6 *Faireachán a dhéanamh ar fhad imscrúduithe OLAF* 16

2.6.1 *Tuarascálacha a fuair an Coiste in 2024 ar imscrúduithe a mhair ar feadh tréimhse níos faide ná 12 mhí* . 16

2.6.2 *Faireachán ar imscrúduithe OLAF a bhí oscailte ar feadh tréimhse níos faide ná 36 mhí in 2024* 17

2.7 *Faireachán coiste ar ghearáin aonair a cuireadh faoi bhráid OLAF* 21

3 Comhar 21

3.1 *Comhar le OLAF* 21

3.2 *Caidreamh le páirtithe leasmhara* 22

4 Riarachán agus acmhainní 22

4.1 *Modhanna oibre an Choiste Maoirseachta* 22

4.2 *An Rúnaíocht* 23

4.3 *Ábhair bhuiséid* 23

1. **An Coiste i mbeagán focal**

1. Is éard atá i gCoiste Maoirseachta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) ('an Coiste') comhlacht neamhspleách a bunaíodh le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ([1]) ('Rialachán OLAF') chun neamhspleáchas OLAF a threisiú agus a ráthú trí fhaireachán tráthrialta a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn feidhm imscrúdaitheach OLAF á cur chun feidhme.

2. Is éard atá sa Choiste cúigear saineolaithe seachtracha neamhspleácha ('na comhaltaí') arna gceapadh ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún Eorpach trí chomhaontú ar feadh 5 bliana ([2]). Comhlíonann na comhaltaí a ról le neamhspleáchas iomlán agus ní fhéadfaidh siad treoracha a iarraidh ná glacadh le treoracha ó aon rialtas ná ó aon fhoras, comhlacht, oifig ná gníomhaireacht de chuid an Aontais. Faigheann an Coiste tacaíocht ina chuid oibre ó Rúnaíocht, arna soláthar ag an gCoimisiún, ar Rúnaíocht í a oibríonn ar bhonn buan faoi údarás díreach an Choiste agus go neamhspleách ar an gCoimisiún, ar OLAF agus ar aon chomhlacht eile. Tá príomhról ag an Rúnaíocht i gcúraimí faireacháin an Choiste a éascú agus rannchuidiú leis na cúraimí sin a chomhlíonadh.

3. I bhfianaise chineál na n-imscrúduithe OLAF, ní féidir dul ar iontaoibh Chúirteanna an Aontais Eorpaigh in aghaidh cinneadh ó Ard-Stiúrthóir OLAF imscrúdú a sheoladh nó a dhúnadh ([3]). Ciallaíonn sé sin, in éineacht le Rialaitheoir na gcoimircí nós imeachta (a láimhseálann gearáin in aghaidh OLAF maidir le neamhchomhlíonadh ráthaíochtaí nós imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe) ([4]), go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gCoiste mar chomhlacht neamhspleách a gcuirtear de chúram air maoirseacht agus grinnscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann OLAF a imscrúduithe. Fágann sé sin go bhfuil staid phribhléide ag an gCoiste, toisc go dtugann sé léargas d'institiúidí an Aontais Eorpaigh ar fheidhmiú OLAF mar aon le dearbhú go bhfuil OLAF ag gníomhú go dleathach agus i gcomhréir leis na ráthaíochtaí nós imeachta is infheidhme.

4. Faoi Rialachán OLAF, cuirtear ról tripháirteach de chúram ar an gCoiste, is é sin: (i) faireachán tráthrialta a dhéanamh ar fheidhm imscrúdaitheach OLAF; (ii) cúnamh a thabhairt d'Ard-Stiúrthóir OLAF a fhreagrachtaí a chomhlíonadh; agus (iii) tuairisc a thabhairt d'institiúidí an Aontais Eorpaigh.

5. Féachann an Coiste leis an méid seo a áirithiú go háirithe, trí fhaireachán tráthrialta a dhéanamh ar imscrúduithe OLAF:

   (i) ní dhéantar aon chur isteach seachtrach ar fheidhm imscrúdaitheach OLAF;

   (ii) glactar na cinntí ábhartha uile ón Ard-Stiúrthóir i gcomhréir le prionsabail na dlíthiúlachta agus na neamhchlaontachta agus comhlíonann siad Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais agus na ráthaíochtaí nós imeachta ([5]).

6. Cumhdaíonn obair an Choiste an méid seo a leanas: (i) **tuairimí** a chur faoi bhráid Ard-Stiúrthóir OLAF agus, i gcás inarb iomchuí, **moltaí** maidir le hobair imscrúdaitheach OLAF, maidir le fad a imscrúduithe agus maidir leis na hacmhainní a theastaíonn ó OLAF chun na himscrúduithe sin a dhéanamh; agus (ii) **barúlacha** a cheapadh i ndáil le dréacht-treoirlínte OLAF maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe. Agus tuairimí agus moltaí á n-eisiúint ag an gCoiste, ní chuireann sé isteach in am ar bith ar sheoladh imscrúduithe OLAF atá fós ar siúl.

([1]) Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1) arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2016/2030 agus le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223. Le fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:02013R0883-20210117.

([2]) Chun an taithí arna gnóthú sa Choiste a chaomhnú, ionadófar na comhaltaí ar bhonn gach re seach, i gcomhréir le Rialachán OLAF.

([3]) Cás T-658/17, Stichting Against Child Trafficking v an Coimisiún, ECLI:EU:T:2018:799.

([4]) Féach Airteagal 9a(8) de Rialachán OLAF.

([5]) https://www.europarl.europa.eu/charter/pdf/text_ga.pdf.

2. **Gníomhaíochtaí faireacháin**

7. Le linn na bliana tuairiscithe, chuir an Coiste ceithre thuairim faoi bhráid Ard-Stiúrthóir OLAF, faoi Airteagal 15 de Rialachán OLAF. Leagadh amach roinnt moltaí sna tuairimí sin. Ar bhonn Airteagal 17(8) de Rialachán OLAF, chuathas i gcomhairle leis an gCoiste freisin agus thug sé barúlacha uaidh maidir le dréacht-treoirlínte athbhreithnithe OLAF maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe ([6]). Lean an Coiste freisin d'fhaireachán a dhéanamh ar fhad imscrúduithe OLAF agus ar chur i bhfeidhm ráthaíochtaí nós imeachta.

2.1 *Tuairim 1/2024 maidir le himscrúduithe comhlántacha OLAF agus OIPE agus an cleachtadh leantach bliantúil*

8. I mí Feabhra 2024, ghlac an Coiste Tuairim 1/2024 ([7]) maidir le himscrúduithe comhlántacha OLAF. Bhí an tuairim bunaithe ar an gcéad anailís ar 70 imscrúdú comhlántach a rinne OLAF ó bhí mí an Mheithimh 2021 ann, tráth a tháinig OIPE i mbun oibríochta. As na 70 imscrúdú sin, rinne an Coiste grinnanailís ar 40 imscrúdú a bhí dúnta ag OLAF cheana féin.

9. Mhol an Coiste OIPE agus OLAF araon as na hiarrachtaí dícheallacha a rinne siad chun go mbeadh rath ar an sásra nua sin sa chomhrac in aghaidh na calaoise. Léirigh an anailís a rinne an Coiste tiomantas agus meon gairmiúil an dá pháirtí.

10. Ar bhonn na hanailíse ar an 40 imscrúdú comhlántach dúnta sin, d'eisigh an Coiste dhá mholadh do OLAF. Ar an gcéad dul síos, mhol sé do OLAF na foirmeacha agus na teimpléid a comhaontaíodh le OIPE a úsáid i gcónaí nuair a bhíonn togra á dhéanamh maidir le himscrúdú comhlántach a oscailt, fiú nuair atá sé léirithe cheana féin ag OIPE do OLAF go neamhfhoirmiúil go gcuirfeadh sé ina choinne. Ar an dara dul síos, mhol sé go léireofaí an cleachtas sin i dtreoirlínte athbhreithnithe OLAF maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe, ar treoirlínte iad atá le teacht. Ba é cuspóir an dá mholadh sin trédhearcacht agus dea-chleachtas riaracháin a neartú sa chomhar agus i malartuithe idir OLAF agus OIPE.

11. I bhfianaise chineál athraitheach na n-imscrúduithe comhlántacha, chinn an Coiste faireachán a dhéanamh ar imscrúduithe comhlántacha OLAF ar bhonn bliantúil, sin agus ar chur chun feidhme moltaí chun tuilleadh léargais a thabhairt ar sheoladh na n-imscrúduithe sin agus ar a ról mar uirlis fhíor-riachtanach sa chomhar idir an dá phríomhcholún d'ailtireacht frithchalaoise an Aontais, OLAF agus OIPE. Cuirtear tús leis an bhfaireachán sa tuarascáil bhliantúil seo.

Imscrúduithe comhlántacha OLAF in 2024

12. I mí Mheán Fómhair 2024, d'iarr an Coiste ar OLAF liosta a sholáthar d'imscrúduithe comhlántacha a osclaíodh nó a dúnadh in 2024. Thuairiscigh OLAF 52 imscrúdú chomhlántacha in 2024. Rinne an Coiste 24 cheann de na himscrúduithe sin a rochtain agus a anailísiú. I mí na Nollag 2024, sholáthair OLAF tuilleadh faisnéise maidir leis na 25 chás eile, ar cásanna iad a bhí oscailte ar feadh tréimhse níos giorra ná bliain agus nach raibh rochtain ([8]) ag an gCoiste orthu in OCM (Bainistiú Ábhair OLAF, arb é córas bainistithe cásanna OLAF é) dá bhrí sin. Chuir OLAF trí chás nua leis an méid sin freisin a osclaíodh tar éis na hiarrata tosaigh i mí Mheán Fómhair 2024 ([9]).

([6]) Tuairim Uimh. 3/2024 ón gCoiste Maoirseachta – Treoirlínte OLAF maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe, le fáil ag: https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/document/download/cdd642c0-2339-48e4-89c4-3041316bef1f_en?filename=Opinion%20GIPs%2013.11.24_NON-CONFIDENTIAL.pdf.

([7]) Tuairim Uimh. 1/2024 ón gCoiste Maoirseachta – Imscrúduithe comhlántacha OLAF agus OIPE, le fáil ag: https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/document/download/9017a135-fe82-4471-84fc-eb7030379e3a_en?filename=Opinion%20on%20CI%20-%20non%20confidential%20v.pdf.

([8]) De réir Airteagal 7(8) agus an dara fomhír d'Airteagal 17(5)(d) de Rialachán OLAF, tá rochtain ag an gCoiste Maoirseachta ar imscrúduithe a mhaireann ar feadh tréimhse níos faide ná 12 mhí.

([9]) D'iarr an Coiste Maoirseachta liosta na nImscrúduithe Comhlántacha uile a osclaíodh agus a dúnadh in 2024 (mí Eanáir go mí na Nollag) mar aon le rochtain ar na cáschomhaid ábhartha in OCM an 16 Meán Fómhair 2024.

13. As na 52 imscrúdú chomhlántacha a ndearna an Coiste anailís orthu le haghaidh 2024, b'imscrúduithe nua-oscailte iad 32 cheann acu agus b'imscrúduithe dúnta iad 20 ceann acu. In 18 n-imscrúdú dúnta, mhol OLAF go n-aisghabhfaí thart ar EUR 160 milliún. Sa dá imscrúdú eile a bhí dúnta, d'eisigh OLAF moltaí araíonachta agus riaracháin.

Anailís

14. Tugann an Coiste dá aire gur thionscain OIPE 32 imscrúdú chomhlántacha as 52 cheann agus gur thionscain OLAF 20 imscrúdú comhlántach.

15. As na 32 imscrúdú chomhlántacha a thionscain OIPE, tháinig 22 cheann ó Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha na Rómaine. Osclaíodh na 10 n-imscrúdú eile a thionscain OIPE arna iarraidh sin d'Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha ó cheithre Bhallstát éagsúla: FR (2 chás), LT (3 chás), ES (4 chás) agus CZ (1 chás). Ar deireadh, déantar na 20 cás a d'oscail OLAF a mhiondealú mar a leanas: CZ (ceithre chás), SK (trí chás), CR, HU (dhá chás), BE, BG, DE, ET, GR, IT, LT, RO (agus FIS ([10])) (aon chás amháin).

16. Is mar imscrúduithe comhlántacha a osclaíodh 37 n-imscrúdú ón tús agus rinneadh 15 imscrúdú a athaicmiú mar imscrúduithe comhlántacha. Maidir le cé acu a osclaítear imscrúdú mar imscrúdú comhlántach ón tús nó a dhéantar é a athaicmiú mar sin ag céim níos déanaí, is cosúil go bhfuil tionchar aige sin ar a fhad foriomlán, mar a léirítear thíos (féach míreanna 23 go 27).

17. Tugann an Coiste dá aire nár dhiúltaigh OIPE go foirmiúil aon togra ó OLAF chun imscrúdú comhlántach a oscailt. D'fhéadfaí a mheas gur léiriú é sin ar an leibhéal comhair an-mhaith atá ann idir an dá pháirtí. Ní thugann aon rud le tuiscint don Choiste go bhféadfadh an t-easpa diúltaithe fhoirmiúil sin a bheith mar thoradh ar réamh-mhalartuithe neamhfhoirmiúla idir OLAF agus OIPE inar chuir OIPE in iúl do OLAF cheana féin na hagóidí a bheadh aige dá ndéanfadh OLAF iarraidh den sórt sin. Chuir OLAF an Coiste ar an eolas go bhfuil toilteanas ann roghanna a fhiosrú maidir le bealach chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas i ndáil le tograí le haghaidh imscrúduithe comhlántacha féideartha a phlé.

An chéad mholadh: foirmeacha a úsáid

18. Ceann de na torthaí ón gCoiste i dTuairim 1/2024 ba ea, i gcleachtas, dá gcuirfeadh OIPE i gcoinne rún OLAF imscrúdú comhlántach a oscailt le linn réamh-mhalartuithe neamhfhoirmiúla, nach ndéanfadh OLAF iarraidh fhoirmiúil i scríbhinn ar an ábhar sin. D'fhágfadh sé sin nach mbeadh aon rian foirmiúil ar thogra OLAF ná ar agóidí OIPE ina choinne. Ar an gcúis sin, mhol an Coiste go ndéanfadh OLAF togra foirmiúil i scríbhinn i gcónaí nuair is mian leis imscrúdú comhlántach a oscailt, ag úsáid na bhfoirmeacha agus na dteimpléad a comhaontaíodh le OIPE cheana. Áiritheofar leis sin: (a) comhlíonadh phrionsabal na trédhearcachta; agus (b) éifeachtacht fhaireachán an Choiste ar fheidhm imscrúdaitheach OLAF.

19. As 52 chás, shuigh an Coiste gur úsáideadh na foirmeacha iarratais cearta in 23 chás. Sa chuid is mó de na cásanna sin, lean ceann amháin ar a laghad de na páirtithe an nós imeachta foirmiúil le haghaidh cumarsáid a dhéanamh leis an bpáirtí eile. I roinnt de na cásanna eile, rinneadh an iarraidh trí litir shimplí gan an fhoirm iomchuí a úsáid, sin nó seoladh an freagra ar iarraidh fhoirmiúil trí ríomhphost simplí nó trí fhreagra ó bhéal.

20. In 11 chás, d'úsáid OLAF na foirmeacha iomchuí chun a iarraidh go n-osclófaí imscrúdú comhlántach ach níor úsáid OIPE na foirmeacha iomchuí i gcónaí, cé go bhfuil feabhas leanúnach ag teacht ar an gcleachtas sin i gcaitheamh na bliana.

An dara moladh: an nós imeachta sin a chur sna treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe

21. Ba é an dara moladh, a leanann as an gcéad cheann, gur cheart do OLAF a áirithiú, sna treoirlínte athbhreithnithe atá le teacht maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe, go moltar go n-úsáidfí na foirmeacha agus na teimpléid a comhaontaíodh le OIPE chun togra a dhéanamh le haghaidh imscrúdú comhlántach a oscailt.

([10]) FIS: Foireann Imscrúdaitheach Speisialta.

22. Maidir leis an gceist sin, ina bharúlacha i dTuairim Uimh. 1/2024, gheall OLAF go bhfiosródh sé, in éineacht le OIPE, bealach chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas i ndáil le tograí le haghaidh imscrúduithe comhlántacha féideartha a phlé, sin agus go n-áiritheodh sé go mbeidh an próiseas foirmiúil agus trédhearcach.

Fad

23. I dTuairim 1/2024 uaidh, shuigh an Coiste gur mhair 75 % de na himscrúduithe comhlántacha dúnta ar feadh tréimhse níos giorra ná bliain amháin (8 mí ar an meán). I bhfíorbheagán cásanna (10-20 %), mhair an tréimhse níos faide ná bliain amháin ar chúiseanna oibiachtúla, amhail cineál an-chasta na saincheisteanna a bhí á n-imscrúdú, lena n-áirítear an líon mór daoine lena mbaineann agus/nó na tíortha lena mbaineann.

24. Sna cásanna a ndearnadh anailís orthu ó shin i leith, thug an Coiste faoi deara go bhfuil difríocht idir imscrúduithe a osclaíodh mar imscrúduithe comhlántacha ón tús agus imscrúduithe a athaicmíodh mar imscrúduithe comhlántacha, ar minic a dhéantar an t-athaicmiú sin ag céim imscrúdaitheach níos déanaí agus níos forbartha.

25. Sa chás deireanach sin, thabharfadh OLAF a imscrúdú chun críche laistigh de chúpla mí (nó laistigh de roinnt laethanta i gcásanna áirithe) tar éis do OIPE glacadh leis an togra ó OLAF imscrúdú comhlántach a oscailt. Is minic ag céim fhorbartha an imscrúdaithe tosaigh OIPE go mbíonn méid nach beag faisnéise i gceist a bailíodh cheana i ngníomhaíochtaí fóiréinseacha agus i seiceálacha ar an láthair a rinneadh sular athaicmíodh an t-imscrúdú mar imscrúdú comhlántach, rud a d'fhéadfadh a bheith ar an bpríomhchúis leis an dúnadh tapa.

26. Os a choinne sin, más rud é gur osclaíodh imscrúdú mar imscrúdú comhlántach ón tús, bhí a mheánfhad níos airde (381 lá), agus d'fhéadfadh cásanna níos casta maireachtáil ar feadh tréimhse níos faide ná 2 bhliain fiú.

27. In 2024, ba é 12 mhí meánfhad na n-imscrúduithe comhlántacha OLAF athaicmithe agus seachtracha ([11]), fad atá faoi bhun mheánfhad na n-imscrúduithe OLAF eile (24 mhí). Ní raibh aon bhearna gan údar maith i bhformhór na n-imscrúduithe comhlántacha in 2024, rud a léirigh cur chuige éifeachtúil comhoibríoch ó OIPE agus ó OLAF.

2.2 ***Faireachán a dhéanamh ar bhuiséad agus ar acmhainní OLAF: Tuairim Uimh. 2/2024 — Réamhdhréacht-bhuiséad OLAF le haghaidh 2025***

28. Gach bliain, glacann an Coiste tuairim faoi réamhdhréacht-bhuiséad OLAF chun dearbhú a thabhairt d'institiúidí an Aontais Eorpaigh go gcaomhnaítear neamhspleáchas fheidhm imscrúdaitheach OLAF sa dréachtbhuiséad. Le bheith níos sonraí, sa tuairim ón gCoiste scrúdaítear an bhfuil acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna ag OLAF chun dlús a chur leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile, sin agus chun na cúraimí a shanntar dó a dhéanamh go héifeachtach.

29. An 15 Bealtaine 2024, d'eisigh an Coiste Tuairim 2/2024 maidir le réamhdhréacht-bhuiséad OLAF le haghaidh 2025. Sa tuairim sin, tugadh le fios gur tháinig méadú 5 % ar réamhbhuiséad OLAF i gcomparáid le buiséad 2024. Bhí údar cuí leis na méaduithe atá beartaithe ar línte buiséid aonair áirithe agus bhí siad i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin maidir lena dhréachtbhuiséad le haghaidh 2025 a tharraingt suas.

30. Agus aghaidh á tabhairt ag an gCoiste ar líne bhuiséid OLAF le haghaidh 'costais mhisin agus ionadaíochta', thug sé dá aire a thábhachtaí atá an moladh ón gCoimisiún go gcuirfeadh ranna uile an Choimisiúin laghdú líneach 20 % i bhfeidhm le haghaidh misean agus cruinnithe faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Ghlais. Mar sin féin, ba dhíol sásaimh don Choiste go bhfanfadh buiséad OLAF le haghaidh 'costais mhisin agus ionadaíochta' ar an leibhéal céanna agus a bhí in 2024, rud a chaomhnódh cumas ríthábhachtach OLAF iniúchtaí ar an láthair a dhéanamh laistigh den Aontas agus lasmuigh de mar chuid dá imscrúduithe.

31. Ba dhíol sásaimh don Choiste freisin go raibh buiséad OLAF le haghaidh 'teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide' fós ar an leibhéal céanna agus a bhí ann in 2024. Tar éis blianta de mhéaduithe substaintiúla i ndiaidh a chéile, ba é tuairim an Choiste gur ar mhaithe le cothabháil a bheadh caiteachas OLAF ar OCM anois seachas ar mhaithe le tuilleadh forbartha a dhéanamh.

([11]) Ríomhtar meánfhad na n-imscrúduithe OLAF mar an tréimhse idir glacadh leis an iarraidh ar imscrúdú comhlántach agus dúnadh an imscrúdaithe riaracháin ag OLAF. I gcásanna áirithe, leanann OIPE leis an imscrúdú coiriúil.

32. Agus aghaidh á tabhairt ag an gCoiste ar acmhainní daonna OLAF, d'áitigh sé i gcónaí go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh acmhainní daonna leordhóthanacha ar fáil do OLAF chun leibhéal ardfheidhmíochta a choinneáil ar bun. Dá bhrí sin, ba dhíol sásaimh don Choiste nach raibh ciorruithe eile beartaithe le haghaidh 2025 i bplean bunaíochta OLAF agus go dtabharfaí acmhainní breise do OLAF freisin i bhfianaise an róil a mheastar a bheidh aige faoin tSaoráid don Úcráin, acmhainní arna maoiniú leis an tSaoráid sin.

33. Chuir an Coiste in iúl gur gné thábhachtach de bhuiséad OLAF é a struchtúr idirnasctha, rud a chuireann ar a chumas dó aistrithe buiséadacha 'inmheánacha' a dhéanamh idir a línte buiséadacha éagsúla gan cead a iarraidh ó údarás buiséadach an Aontais. Chuir an fhéidearthacht sin ar a chumas do OLAF freagairt d'imeachtaí agus dúshláin gan choinne san am a chuaigh thart agus a bhuiséad a bhainistiú le leibhéal solúbthachta níos airde ná aon Ard-Stiúrthóireachtaí eile sa Choimisiún. Bhí an Coiste i gcónaí i bhfabhar neamhspleáchas OLAF ó thaobh bainistiú buiséid de mar ráthaíocht bhreise (bhuiséadach) ar a neamhspleáchas.

34. É sin ráite, chuir an Coiste i dtábhacht a thábhachtaí atá sé go mbainisteodh OLAF a bhuiséad i gcónaí ar bhealach a urramaíonn, a mhéid is féidir, na prionsabail bhuiséadacha ghinearálta a leagtar amach in Airteagail 6 go 38 den Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear prionsabail na trédhearcachta agus na sonraíochta.

2.3 *Tuairim 3/2024 — Treoirlínte OLAF maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe*

35. Mar fhreagairt ar Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, rialachán a bhaineann le himscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF, chinn OLAF na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe a bhí ann cheana a leasú chun forálacha nua an Rialacháin a thrasuí i dtreoirlínte inmheánacha nua agus chun creat soiléir comhleanúnach a bhunú le haghaidh gach gníomhaíochta imscrúdúcháin, tacaíochta agus comhordúcháin. Faoi Airteagal 17 de Rialachán OLAF, glacann an tArd-Stiúrthóir na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe, tar éis an deis a bheith tugtha don Choiste Maoirseachta a bharúlacha a chur isteach. I bhfianaise an mhéid sin, mhínigh OLAF don Choiste go ndearnadh an próiseas athbhreithniúcháin sin ina dhá chéim ar leith.

36. Le linn na chéad chéime, rinne Ard-Stiúrthóir OLAF athbhreithniú páirteach a bhí teoranta dá raibh fíor-riachtanach chun na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe a ailíniú leis na leasuithe a tugadh isteach le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 agus tús fheidhm oibríochtúil OIPE. Tugadh an chéim sin chun críche agus tháinig na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe nua i bhfeidhm an 11 Deireadh Fómhair 2021. Ina bharúlacha a díríodh chuig Ard-Stiúrthóir OLAF i ndáil leis an athbhreithniú ar na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe an 17 Lúnasa 2022, chuir an Coiste in iúl go soiléir nach n-eiseodh sé tuairim maidir leis na treoirlínte athbhreithnithe maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe go dtí go mbeadh an dara céim den phróiseas athbhreithniúcháin tugtha chun críche ([12]).

37. Sa dara céim den athbhreithniú agus sa chéim atá ann faoi láthair, chuir OLAF próiseas athbhreithniúcháin níos cuimsithí i gcrích lenar cuimsíodh na nithe seo a leanas: saincheisteanna a dtugtar aghaidh orthu le treoracha agus treoirlínte inmheánacha eile de chuid OLAF; cleachtais arna mbunú faoi chomhar OLAF le OIPE; moltaí ó pháirtithe leasmhara OLAF; agus saincheisteanna a shainaithin baill foirne OLAF i gcaitheamh na mblianta.

38. An 24 Samhain 2023, chuir OLAF an leagan críochnaitheach athbhreithnithe de na dréacht-treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe faoi bhráid an Choiste Maoirseachta chun a bharúlacha foirmiúla a fháil. Mar chuid den chomhairliúchán foirmiúil sin, rinneadh malartú tuairimí cuiditheach idir OLAF agus an Coiste, malartú a thosaigh sa dara leath de 2023 agus a lean ar aghaidh le linn na tréimhse tuairiscithe. Ghlac an Coiste Tuairim Uimh. 3/2024 ón gCoiste Maoirseachta maidir le treoirlínte OLAF maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe ag an gcruinniú iomlánach a bhí aige an 15 Deireadh Fómhair 2024 agus foilsíodh í an 12 Samhain 2024 ([13]).

39. Sa Tuairim, chuir an Coiste a bharúlacha agus a mholtaí faoi bhráid Ard-Stiúrthóir OLAF sular glacadh na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe i gcomhréir le hAirteagal 17(8) de Rialachán OLAF.

([12]) An abairt dheireanach d'Airteagal 17(8) de Rialachán OLAF.

([13]) Tá Tuairim Uimh. 3/2024 ón gCoiste Maoirseachta maidir le treoirlínte OLAF maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe le fáil ag: https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/document/download/cdd642c0-2339-48e4-89c4-3041316bef1f_en?filename=Opinion%20GIPs%2013.11.24_NON-CONFIDENTIAL.pdf.

40. Dar leis an gCoiste, mar a cuireadh in iúl cheana i dtuairimí roimhe seo ([14]), tá sé ríthábhachtach go mbeadh na treoirlínte nua maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe bunaithe ar ghrinn-athbhreithniú cuimsitheach ar na treoirlínte agus na treoracha inmheánacha eile uile atá ag OLAF cheana. Tá sin tábhachtach toisc gurb iad na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe an t-aon doiciméad treorach (i.e. treoirlínte, treoracha nó lámhleabhar) a cheanglaítear ar OLAF a chur ar fáil go poiblí le Rialachán OLAF ([15]), mar sin is uirlis fhíor-riachtanach iad chun an leibhéal trédhearcachta agus deimhneachta dlíthiúla is gá a áirithiú do dhaoine atá faoi imscrúdú.

41. Sa chomhthéacs sin, d'aithin an Coiste an dul chun cinn atá déanta i dtaobh sraith treoirlínte athbhreithnithe a sholáthar d'imscrúdaitheoirí, ach mheas sé go bhféadfaí na dréacht-treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe a tíolacadh agus a scrúdaíodh a fheabhsú a thuilleadh. Dar leis an gCoiste, le treoirlínte imscrúdaithe atá cuimsitheach, fairsing agus mionsonraithe, is fearr a ghnóthófar na tairbhí a bhaineann le seasamh le prionsabail amhail iad seo a leanas: (i) am réasúnta a bheith i gceist le himscrúduithe agus iad a bheith á ndéanamh ar bhonn leanúnach; (ii) próiseas cinnteoireachta soiléir; (iii) ráthaíochtaí nós imeachta a chur i bhfeidhm; (iv) trédhearcacht; agus (v) cóir chomhionann do dhaoine aonair i gcaitheamh an imscrúdaithe.

42. Rinne an Coiste moltaí agus meabhraíochtaí praiticiúla dar tugadh bunús go cúramach maidir leis na pointí seo a leanas go háirithe:

(i) Fad na n-imscrúduithe. Thug an Coiste aghaidh ar ghnéithe éagsúla, lena n-áirítear: pleanáil imscrúduithe; tréimhsí neamhghníomhaíochta gan údar maith; seoladh leanúnach imscrúduithe; sásraí chun grinnscrúdú a dhéanamh ar fhad na n-imscrúduithe; oibleagáid tuairisciú don Choiste; agus tréimhse réasúnta a bheith i gceist le himscrúdú, ar cheart di a bheith comhréireach le castacht agus imthosca an cháis;

(ii) Neamhspleáchas Ard-Stiúrthóir OLAF agus an phróisis cinnteoireachta. Bhain na moltaí leis na rialacha a struchtúrú agus cur síos a dhéanamh ar na prionsabail lena rialaítear trédhearcacht, doiciméadacht, comhairliúchán agus comhar le linn an phróisis cinnteoireachta, agus aird ar leith á tabhairt ar tharmligean cumhachtaí agus freagrachtaí ordlathacha;

(iii) Raon feidhme na n-imscrúduithe i bhfianaise cheart na cosanta agus an phróisis cinnteoireachta. Tugann na moltaí aghaidh go príomha ar an ngá atá le húdar maith a thabhairt le haon athrú ar raon feidhme imscrúdaithe, sin agus aon athrú ar raon feidhme a chur faoi réir na rialacha meastóireachta céanna leis na rialacha is infheidhme maidir le himscrúdú a oscailt;

(iv) Coincheap an 'leoramhrais' a bheith ann chun imscrúdú a oscailt, agus aird shonrach á tabhairt ar na foinsí éagsúla faisnéise isteach agus ar na gníomhaíochtaí le linn an phróisis roghnúcháin;

(v) Prionsabal na córa comhionainne agus an t-imscrúdú á dhéanamh. Déantar é sin go príomha chun prionsabal an imscrúdaithe chríochnúil a ionchorprú sna treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na gcritéar a úsáidtear chun a chinneadh an féidir duine a mheas mar 'dhuine lena mbaineann';

(vi) Urraim do shaol príobháideach agus comhráite teileafóin gach duine;

(vii) An ceart chun deimhneachta dlíthiúla, agus béim ar leith á leagan ar aicmiú imscrúduithe agus cásanna;

(viii) Nós imeachta inmheánach um chomhairliúchán agus rialú agus an gá atá lena neartú.

43. D'iarr an Coiste ar Ard-Stiúrthóir OLAF freisin athbhreithniú críochnúil a dhéanamh agus na treoracha inmheánacha agus na nótaí treoracha lena bhforlíontar na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe a thabhairt cothrom le dáta chun a n-ábharthacht, a n-ailíniú leis na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe agus a soláimhsitheacht a áirithiú, agus an Coiste a chur ar an eolas faoi thoradh an phróisis sin.

([14]) Barúlacha ón gCoiste chuig Ard-Stiúrthóir OLAF maidir le hathbhreithniú ar na nósanna imeacht imscrúdaithe an 17 Lúnasa 2021 agus Tuairim Uimh. 2/2017 maidir leis an meastóireacht ar Rialachán OLAF.

([15]) San abairt deiridh d'Airteagal 17(8) de Rialachán OLAF, sonraítear go bhfoilseofar na treoirlínte sin 'chun críoch faisnéise ar láithreán gréasáin na hOifige i dteangacha oifigiúla institiúidí an Aontais'.

44. Maidir le treoirlínte mionsonraithe praiticiúla, mar a cheanglaítear faoi Rialachán OLAF, tá an Coiste den tuairim go bhfuil siad fíorthábhachtach chun a áirithiú go ndéanfar bunluachanna agus sláine oibríochtúil OLAF a urramú sna himscrúduithe.

45. Creideann an Coiste go rachadh na moltaí agus na barúlacha a cuireadh i láthair ina Thuairim go mór chun tairbhe do na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe.

46. I mí an Mhárta 2025, chuir Ard-Stiúrthóir OLAF an Coiste ar an eolas go raibh an t-athbhreithniú ar na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe tugtha chun críche ach go raibh moill ar ghlacadh an téacs chríochnaithigh mar gheall ar phlé leanúnach ar ailtireacht frithchalaoise an Aontais agus ar an meastóireacht ar Rialachán OLAF.

47. Cuireann an Coiste in iúl gur oth leis glacadh an leagain deiridh de na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe a bheith curtha siar agus measann sé nach bhfuil údar maith leis an moill i bhfianaise an dul chun cinn mhóir atá déanta cheana féin ag OLAF agus i bhfianaise an ama agus na hiarrachta nach beag atá déanta ag OLAF agus ag na páirtithe leasmhara uile a thug ionchur luachmhar don athbhreithniú.

48. Maidir le treoirlínte mionsonraithe praiticiúla, mar a cheanglaítear faoi Rialachán OLAF, measann an Coiste go bhfuil siad fíorthábhachtach chun a áirithiú go ndéanfar bunluachanna agus sláine oibríochtúil OLAF a urramú san obair imscrúdaitheach. Is é tuairim an Choiste nár cheart go mbeadh tionchar ag an bplé leanúnach ar ailtireacht frithchalaoise an Aontais ná ag an meastóireacht ar Rialachán OLAF ar ghlacadh na dtreoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe atá bailchríochnaithe cheana féin.

2.4 ***Tuairim Uimh. 4/2024 — cumhacht OLAF imscrúduithe inmheánacha a dhéanamh: cás na gcomhaltaí d'institiúidí an Aontais***

49. I mí Feabhra 2023, sheol Ard-Stiúrthóir OLAF comhfhreagras chuig an gCoiste arb é a bhí ann comhfhreagras idir Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus é féin (mí an Mhárta 2020 go mí Mheán Fómhair 2023) faoin tsaincheist maidir le cumhachtaí OLAF Feisirí Pharlaimint na hEorpa ('Feisirí') a imscrúdú. Chuir Ard-Stiúrthóir OLAF an Coiste ar an eolas faoi dheacrachtaí áirithe a bhí ag OLAF maidir le himscrúdú a dhéanamh ar chásanna líomhnaithe de mhí-iompar tromchúiseach ag Feisirí nach ndearna difear do leasanna airgeadais an Aontais *per se*, lena n-áirítear deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar oifigí na bhFeisirí agus ar a dtrealamh TF (ríomhairí glúine), i measc fadhbanna eile. Cé go bhféadfadh OLAF imscrúdú a dhéanamh ar chúntóirí parlaiminteacha agus ar bhaill foirne eile de chuid Pharlaimint na hEorpa ('an Pharlaimint') mar 'dhaoine lena mbaineann', ní raibh sé in ann aon ghníomhaíocht imscrúdaitheach a bhain le Feisire a dhéanamh gan údarú ón bParlaimint. Ba é seasamh na Parlaiminte nach dtugann Rialachán OLAF de chumhacht do OLAF imscrúdú a dhéanamh ar ábhair nach mbaineann le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, amhail comhlíonadh Chód Iompair na Parlaiminte ag na Feisirí.

50. Chinn an Coiste, dá bhrí sin, tuairim a eisiúint faoi Airteagal 15 den Rialachán ([16]) chun soiléiriú a dhéanamh ar na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag OLAF a bhaineann le comhaltaí d'institiúidí an Aontais i gcoitinne, agus le Feisirí go háirithe. Ina thuairim, scrúdaigh an Coiste an cheist lárnach i dtaobh an bhfuil sé de chumhacht ag OLAF imscrúdú a dhéanamh ar Fheisirí agus ar chomhaltaí d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí (ICOGanna) maidir le cionta tromchúiseacha a bhaineann le comhlíonadh a ndualgas gairmiúil, ar cionta iad ar cosúil nach ndéanann siad difear do leasanna airgeadais an Aontais (dá ngairtear 'ábhair nach mbaineann le cosaint leasanna airgeadais') ([17]). Scrúdaigh sí freisin ábharthacht Chód Iompair na Parlaiminte d'Fheisirí, Reacht na bhFeisirí agus a ndíolúine chun críoch imscrúduithe inmheánacha OLAF. Ar deireadh, ar mhaithe le hiomláine, rinneadh measúnú sa tuairim freisin an bhféadfadh Comhaontú Idirinstitiúideach 1999 agus na cinntí atá glactha ag gach institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht AE faoi Airteagal 4 de Rialachán OLAF difear a dhéanamh do chumhacht OLAF imscrúduithe den sórt sin a dhéanamh agus a mhéid a d'fhéadfaidís difear a dhéanamh don chumhacht sin – maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha faoinar féidir le OLAF imscrúduithe a dhéanamh ar a mbaill foirne nó ar a gcomhaltaí.

([16]) Sonraítear in Airteagal 15 de Rialachán OLAF go bhféadfaidh an Coiste Maoirseachta tuairimí a thabhairt freisin arna iarraidh sin d'Ard-Stiúrthóir OLAF, i measc páirtithe eile.

([17]) Coireanna in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh, is é sin coireanna a bhaineann le cosaint leasanna airgeadais, mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2017/1371, nó 'PIF' ('*protection des intérêts financiers*' sa Fhraincis), déanann siad difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh agus déanann siad dochar dá chlú agus dá inchreidteacht freisin. Cumhdaíonn coireanna a bhaineann le cosaint leasanna airgeadais calaois i dtaca le buiséad an Aontais, calaois CBL ar mhórscála a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó, éilliú, míleithreasú sócmhainní arna ndéanamh ag oifigeach poiblí, agus sciúradh airgid a bhaineann le maoin a fhaightear ó na coireanna sin.

Cumhachtaí OLAF imscrúduithe inmheánacha a dhéanamh ar ábhair nach mbaineann le cosaint leasanna airgeadais

51. Dar leis an gCoiste, bhí sé fíor-riachtanach mar chéad chéim soiléiriú a dhéanamh ar an tsaincheist maidir le hinniúlacht OLAF imscrúdú a dhéanamh ar Fheisirí i dtaca le hábhair ar cosúil nach ndéanann siad difear do leasanna airgeadais an Aontais. Ar an gcúis sin, rinne an Coiste tagairt do chásdlí Chúirteanna an Aontais Eorpaigh, go háirithe do bhreithiúnas na Cúirte i gcás Dalli ([18]) inar scrúdaigh an Chúirt go mion na hargóintí céanna a dhealraíonn sé gur ardaigh an Pharlaimint iad le déanaí ina comhfhreagras le OLAF chun amhras a chaitheamh nó srian a chur ar chumhacht OLAF Feisirí a imscrúdú i gcás cionta nach mbaineann le cosaint leasanna airgeadais.

52. Chuir an Chúirt in iúl gur léir ó Airteagal 2(1) de Chinneadh 1999/352/CE ón gCoimisiún lena mbunaítear OLAF (atá infheidhme fós) go bhfuil OLAF freagrach **ní hamháin** as *imscrúduithe riaracháin a dhéanamh chun calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac, ar an gcéad dul síos* **ach chomh maith leis sin** as imscrúdú a dhéanamh *ar fhíorais thromchúiseacha atá nasctha le feidhmiú gníomhaíochtaí gairmiúla a d'fhéadfadh a bheith ina sárú ar oibleagáidí arna ndéanamh ag oifigigh agus seirbhísigh an Aontais ar dócha go mbeadh imeachtaí araíonachta agus, i gcásanna iomchuí, imeachtaí coiriúla mar thoradh orthu* ([19]). De réir na Cúirte, leagadh síos an méid sin freisin in aithris 5 de Rialachán OLAF Uimh. 1073/1999, arb é an rialachán a bhí ann roimhe seo (aithris 6 den Rialachán OLAF atá i bhfeidhm faoi láthair), ar dá réir **a théann freagracht OLAF thar chosaint leasanna airgeadais** sa chaoi go gcumhdaíonn sí gach gníomhaíocht a bhaineann le leasanna an Aontais a chosaint ar iompar neamhrialta a bhféadfadh imeachtaí riaracháin nó coiriúla a bheith mar thoradh orthu. Tháinig an Chúirt ar an gconclúid ***nach ndéanann*** *an t-easpa tionchair ar leasanna airgeadais an Aontais* ***difear don fhéidearthacht atá ag OLAF imscrúdú a oscailt*** ([20]).

53. Tugann an Coiste dá aire go bhfuil cásdlí na gCúirteanna chomh soiléir sin nach féidir aon amhras a bheith ann a thuilleadh maidir leis an léirmhíniú ceart ar Airteagal 1(4) de Rialachán OLAF ([21]) agus maidir le cumhachtaí OLAF imscrúdú a dhéanamh ar ábhair thromchúiseacha a bhaineann le comhlíonadh dualgas gairmiúil ag baill foirne an Aontais agus ag comhaltaí d'institiúidí nach ndéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Thairis sin, soiléiríodh sa chásdlí a lean cás Dalli freisin go bhféadfadh iarmhairtí airgeadais a bheith ag cionta nach mbaineann le cosaint leasanna airgeadais fiú (amhail iompar lena mbaineann ciapadh síceolaíoch). Tugann an Coiste dá aire go bhfuil OLAF i dteideal cásanna den sórt sin a imscrúdú fiú má mheasann sé nach raibh aon tionchar airgeadais ag an mí-iompar atá i gceist. Is léir freisin go n-eascraíonn an chumhacht atá ag OLAF imscrúduithe inmheánacha a dhéanamh ar chomhaltaí de ICOGanna i gcás ábhair nach mbaineann le cosaint leasanna airgeadais go díreach as Rialachán OLAF agus nach inniúlacht bhreise í a thugann ICOGanna do OLAF go deonach lasmuigh de raon feidhme Rialachán OLAF agus thar an raon feidhme sin.

An Cód Iompair d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa

54. Ina comhfhreagras le OLAF, chuir an Pharlaimint amhras tromchúiseach in iúl freisin faoi OLAF a bheith ag déanamh imscrúduithe inmheánacha comhuaineacha ar shaincheisteanna amhail ciapadh, coinbhleachtaí leasa nó sáruithe eiticiúla a bhfuil baint ag Feisirí leo, ar an bhforas go bhféadfadh imscrúduithe den sórt sin amhras a chaitheamh ar nósanna imeachta inmheánacha na Parlaiminte féin mar a leagtar amach ina Cód Iompair. De réir na Parlaiminte, cuireann prionsabal an chomhair dhílis teorainn le raon feidhme ghníomhaíochtaí OLAF a bhaineann leis an bParlaimint.

55. Sa chomhthéacs sin, tugann an Coiste dá aire go bhféadfaidh ICOGanna rialacha inmheánacha a ghlacadh, lena n-áirítear cód iompair dá gcomhaltaí maidir le hábhair eiticiúla, ach nach gcuireann sin cosc ar OLAF inniúlacht a thugtar dó go díreach le Rialachán OLAF a fheidhmiú ná nach féidir leis sin cosc a chur ar OLAF déanamh amhlaidh. Níl na rialacha inmheánacha agus na cóid iompair sin ceangailteach ach ar an ICOG lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní féidir iad a úsáid mar bhunús chun cosc a chur ar OLAF imscrúdú inmheánach a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 1(4) de Rialachán OLAF.

([18]) Breithiúnas an 6 Meitheamh 2019, Dalli v an Coimisiún, T-399/17, ECLI:EU:T:2019:384, ar sheas breithiúnas an 25 Feabhra 2021, Dalli v an Coimisiún, C-615/19P, ECLI:EU:C:2021:133 (Cás T-399/17) leis.

([19]) Féach mír 62 de bhreithiúnas an 6 Meitheamh 2019, Dalli v an Coimisiún, T-399/17.

([20]) Féach mír 62 de bhreithiúnas an 6 Meitheamh 2019, Dalli v an Coimisiún, T-399/17.

([21]) Sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 1(4): 'Laistigh de na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí a bunaíodh leis na Conarthaí nó ar bhonn na gConarthaí ("institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí"), déanfaidh an Oifig [OLAF] imscrúduithe riaracháin chun críche calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile lena ndéanfaí dochar do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac. Chun na críche sin, imscrúdóidh sí ábhair thromchúiseacha a bhaineann le dualgais ghairmiúla a chomhlíonadh sa dóigh go bhfuil faillí déanta in oibleagáidí oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais agus ar faillí í a d'fhéadfadh imeachtaí araíonachta nó, de réir mar a bheidh, imeachtaí coiriúla a bheith mar thoradh uirthi, nó sa dóigh go bhfuil mainneachtain choibhéiseach déanta in oibleagáidí a chomhlíonadh ag comhaltaí institiúidí agus comhlachtaí, ag cinn oifigí agus gníomhaireachtaí nó ag comhaltaí foirne institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí nach bhfuil faoi réir na Rialachán Foirne (dá ngairtear le chéile "oifigigh, seirbhísigh eile, comhaltaí institiúidí nó comhlachtaí, cinn oifige nó gníomhaireachtaí, nó comhaltaí foirne" anseo feasta).'

56. Maidir le prionsabal an chomhair dhílis, tagraíonn an Coiste do chásdlí na gCúirteanna Eorpacha lena gcinntear go léiríonn Airteagal 13(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) ([22]) *prionsabal na cothromaíochta institiúidí, ar saintréith de struchtúr institiúideach an Aontais é agus* ***ar prionsabal é lena n-éilítear nach mór do gach ceann de na hinstitiúidí a cumhachtaí a fheidhmiú agus aird chuí á tabhairt ar chumhachtaí na n-institiúidí eile*** ([23]). I ndáil leis sin, a mhéid a bhaineann le OLAF, rialaigh an Chúirt nach féidir é a bheith d'éifeacht ag dualgas OLAF maidir le comhar dílis go ndéanfar athrú ar roinnt na gcúraimí agus na bhfreagrachtaí dá bhforáiltear le Rialachán OLAF ([24]).

57. Ós rud é nach inniúlacht chomhroinnte í an chumhacht imscrúduithe inmheánacha a dhéanamh ach gur do OLAF amháin a thugann Rialachán OLAF an chumhacht sin, ní fhéadann aon institiúid, lena n-áirítear an Pharlaimint, brath ar phrionsabal an chomhair dhílis i measc institiúidí chun cosc a chur ar OLAF a chumhacht a fheidhmiú maidir le comhaltaí ICOGanna a imscrúdú. Go deimhin, tá prionsabal an chomhair dhílis cumhdaithe in Airteagal 5(3) de Rialachán OLAF, ar dá réir 'fad atá imscrúdú inmheánach á dhéanamh ag an Oifig [OLAF], ní osclóidh na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí lena mbaineann imscrúdú comhuaineach ar bhonn na bhfíoras céanna, mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an Oifig'.

An Reacht agus Prótacal Uimh. 7 ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh ([25])

58. Rinne an Coiste scrúdú freisin ar ábharthacht an Reachta agus Phrótacal Uimh. 7 ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais na bhFeisirí agus lena dtugtar cosaint reachtúil dá saoirse agus dá neamhspleáchas. Tugann an Coiste dá aire nach ndéanann Airteagal 1(3) de Rialachán OLAF – ina sonraítear go bhfuil a raon feidhme gan dochar do (a) Phrótacal Uimh. 7 ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus (b) Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa – srian a chur ar an gcumhacht a thugtar do OLAF imscrúdú a dhéanamh ar chomhaltaí de ICOGanna maidir le hábhair thromchúiseacha a bhaineann le comhlíonadh a ngníomhaíochtaí gairmiúla. Ní chuirtear in iúl ann ach go bhfuil inniúlacht den sórt sin le feidhmiú gan srian a chur ar shainordú toghchánach na bhFeisirí ná ar a saoirse a ról mar ionadaithe tofa a chomhlíonadh agus gan dochar a dhéanamh do na nithe sin.

59. De réir an chásdlí, is de chineál feidhmiúil amháin iad pribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh a aithnítear le Prótacal Uimh. 7, agus dá réir sin is de chineál feidhmiúil amháin í díolúine na bhFeisirí; tá siad beartaithe sa chaoi go seachnófar aon chur isteach ar fheidhmiú agus ar neamhspleáchas an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, is chun leasa an Aontais agus chuige sin amháin a dheonaítear na pribhléidí agus na díolúintí sin. Dar leis an gCúirt, is é cuspóir na díolúine sin *aon chonstaic ar fheidhmiú cuí na hinstitiúide lena mbaineann siad a sheachaint, agus, dá bhrí sin, aon chonstaic ar fheidhmiú chumhachtaí na hinstitiúide sin a sheachaint* ([26]). Dá bhrí sin, ar choinníoll nach gcuireann imscrúduithe OLAF ar ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag Feisirí isteach ar 'na tuairimí a thug siad, nó ar na vótaí a chaitheann siad i gcomhlíonadh a ndualgas', tá siad 'gan dochar' do phribhléidí agus díolúintí na bhFeisirí faoi Phrótacal 7 agus/nó Reacht na bhFeisirí ([27]).

Comhaontú Idirinstitiúideach 1999 agus Cinntí arna nglacadh ag gach institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht AE maidir le himscrúduithe inmheánacha OLAF

60. Ina comhfhreagras le OLAF, d'áitigh an Pharlaimint freisin, ós rud é nach bhfuil de chumhacht ag OLAF, faoi Rialachán OLAF, imscrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí atá déanta ag Feisirí nach mbaineann le cosaint leasanna airgeadais, nach féidir imscrúduithe den sórt sin a dhéanamh ach amháin ar bhonn Chomhaontú

([22]) Sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 13(2) CAE: 'Gníomhóidh gach institiúid acu faoi theorainneacha na gcumhachtaí atá tugtha di sna Conarthaí, i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus faoi na coinníollacha agus chun na gcríoch atá leagtha amach iontu. Cleachtfaidh na hinstitiúidí comhar dílis eatarthu féin.'

([23]) Breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2015, Cás C-73/14, Comhairle an Aontais Eorpaigh v an Coimisiún Eorpach, ECLI:EU:C:2015:663.

([24]) Breithiúnas an 5 Meán Fómhair 2024, Cás C-494/22 P, an Coimisiún v Poblacht na Seice, mír 149, ECLI:EU:C:2024:684.

([25]) Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Meán Fómhair 2005 lena nglactar Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, IO L 262, 7.10.2005, lch. 1, le fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX%3A32005Q0684.

([26]) Breithiúnas an 27 Aibreán 2022, Roos v an Pharlaimint, Cásanna Uamtha T-710/21, T-722/21 agus T-723/21, mír 132.

([27]) Féach Tuairim 2/2011 ón gCoiste Maoirseachta maidir le Cumhachtaí OLAF imscrúduithe inmheánacha a dhéanamh go neamhspleách laistigh d'institiúidí an Aontais freisin, https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/supervisory-committee-olaf/opinions-and-reports_en.

Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag OLAF. Is é an tuairim a chuir an Pharlaimint in iúl, ós rud é go sonraítear in aithris 6 den Chomhaontú sin *nár cheart imscrúduithe OLAF difear a dhéanamh do fhreagrachtaí na n-institiúidí*, gur cheart imscrúduithe OLAF ar Fheisirí a dhéanamh i gcomhréir iomlán le Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte maidir le forfheidhmiú Chód Iompair na Parlaiminte, cód is infheidhme maidir leis na Feisirí. De réir na rialacha sin, is ag Uachtarán na Parlaiminte amháin atá an inniúlacht cinntí críochnaitheacha a ghlacadh maidir le sáruithe ar an gCód Iompair ag Feisirí, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach maidir le hIompar na bhFeisirí. Dá ndéanfadh OLAF imscrúduithe comhuaineacha ar ábhair den sórt sin, chaithfí amhras ar an údarás atá ag Uachtarán na Parlaiminte agus ag an gCoiste Comhairleach.

61. Sa chomhthéacs sin, tugann an Coiste dá aire, de réir chásdlí Chúirteanna an Aontais Eorpaigh, go n-eascraíonn an chumhacht atá ag OLAF imscrúduithe inmheánacha a dhéanamh ar chomhaltaí de ICOGanna i gcás ábhair nach mbaineann le cosaint leasanna airgeadais as Rialachán OLAF féin go díreach. Dá bhrí sin, ní inniúlacht í sin a chinn na hinstitiúidí is sínitheoirí le Comhaontú Idirinstitiúideach 1999 a thabhairt do OLAF 'go deonach'. Thairis sin, dá bhforchuirfí srianta ar chumhacht OLAF imscrúduithe inmheánacha a dhéanamh ar chomhaltaí de ICOGanna, ní fhéadfaí é sin a dhéanamh ach le Rialachán OLAF féin, agus ní le comhaontú institiúideach, toisc nach gníomh reachtach é comhaontú atá in ann Rialachán OLAF a aisghairm, a leasú nó a fhorshuíomh.

62. Sa bhreis air sin, measann an Coiste, más fíor *go ndéanfar imscrúduithe laistigh de na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus na gníomhaireachtaí maidir leis na réimsí (...) i gcomhréir leis an Rialachán sin agus leis na cinntí arna nglacadh ag an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht ábhartha* (Airteagal 4.1 de Rialachán OLAF), go dtagraíonn sé sin do na forálacha cur chun feidhme nach mór do ICOGanna a chur i bhfeidhm trí bhíthin cinntí riaracháin inmheánacha. Leis na cinntí sin, leagtar síos socruithe praiticiúla nach mór do OLAF a chur san áireamh nuair a dhéanann sé gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha (iniúchadh agus bailiú fianaise ar áitreabh, malartú faisnéise, agallaimh le baill foirne agus le comhaltaí, etc.), ach ar socruithe iad nach ndéanann difear do chumhachtaí imscrúdaitheacha OLAF ná d'fheidhmiú na gcumhachtaí sin agus nach féidir leo difear a dhéanamh don mhéid sin.

63. Mar thátal, measann an Coiste, tar éis bhreithiúnas Dalli, nach bhfuil aon amhras ach go bhfuil sé de chumhacht ag OLAF Feisirí agus comhaltaí de ICOGanna a imscrúdú i leith cionta tromchúiseacha a bhaineann le comhlíonadh a ndualgas gairmiúil a bhféadfadh sé nach ndéanann siad difear do leasanna airgeadais an Aontais. Measann an Coiste freisin gur am tráthúil a bheadh san athbhreithniú atá le teacht ar Rialachán OLAF Airteagal 1(4) den rialachán a ailíniú go hiomlán le breithiúnas na Cúirte i gcás Dalli. Sholáthródh sé sin soiléireacht níos fearr agus chuirfeadh sé deireadh le hamhras maidir le hinniúlacht OLAF imscrúduithe inmheánacha a dhéanamh ar chomhaltaí de ICOGanna nach ndéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

2.5 ***Dréacht-tuairim faoi imscrúduithe inmheánacha OLAF ar chiapadh laistigh d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí (ICOGanna) an Aontais***

64. In 2022, chuir Ard-Stiúrthóir OLAF an Coiste Maoirseachta ar an eolas faoi dheacrachtaí áirithe a bhí ag OLAF i roinnt cásanna a bhain le himscrúduithe inmheánacha ar chiapadh a d'fhéadfadh a neamhspleáchas a chur i mbaol.

65. Ar bhonn na faisnéise a fuair sé ó OLAF, mheas an Coiste go raibh sé tábhachtach tuairim a eisiúint chun ról agus cumhachtaí OLAF a shoiléiriú maidir le hiompar míchuí agus ciapadh a imscrúdú laistigh de ICOGanna, sin agus chun scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar an mbreisluach a chuireann na himscrúduithe sin leis an gcomhrac in aghaidh an chiaptha agus in aghaidh iompar míchuí comhchosúil eile ag oifigigh an Aontais agus ag comhaltaí de ICOGanna. Mar sin féin, ós rud é nach gcuireann an Coiste isteach ar sheoladh imscrúduithe atá fós ar siúl, chinn sé gan an tsaincheist a fhiosrú go dtí go mbeidh na cásanna tuairiscithe dúnta ag Ard-Stiúrthóir OLAF.

66. I mí na Nollag 2024, d'fhormheas an Coiste a dhréacht-tuairim agus glacadh í go foirmiúil ina dhiaidh sin i mí Eanáir 2025 ([28]). Scrúdaigh an Coiste 20 cás ciaptha a dhiúltaigh OLAF (ar cásanna iad nár osclaíodh imscrúdú ina leith) le 5 bliana anuas (2018-2023), mar aon le naoi n-imscrúdú ar chiapadh a tugadh chun críche le linn na tréimhse céanna.

([28]) Féach Tuairim 1/2025 ag: https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/document/download/0aaf5493-9be7-4538-a5c4-f1957b3d479a_en?filename=Opinion%201-2025.pdf.

67. Sa tuairim uaidh, thug an Coiste dá aire i dtosach, tar éis bhreithiúnas Dalli, gur fíric bhunaithe anois é go bhfuil sé d'inniúlacht ag OLAF imscrúduithe inmheánacha a dhéanamh ar ábhair thromchúiseacha a bhaineann le comhlíonadh dualgas gairmiúil ag baill foirne agus ag comhaltaí de ICOGanna cibé acu a dhéanann siad difear do leasanna airgeadais an Aontais nó nach ndéanann, agus go n-eascraíonn an inniúlacht sin as Airteagal 1(4) de Rialachán OLAF go díreach. Ní inniúlacht bhreise é sin a thugann na ICOGanna do OLAF go deonach lasmuigh de raon feidhme chur i bhfeidhm Rialachán OLAF agus thar an raon feidhme sin ([29]). Dá bhrí sin, tá OLAF inniúil imscrúduithe inmheánacha a dhéanamh a bhaineann le ciapadh mar a shainítear sa chásdlí, fiú sa chás nach mbíonn aon tionchar ar leasanna airgeadais an Aontais i gceist.

68. É sin ráite, léirigh an anailís a rinne an Coiste gur gnách go staonann OLAF ó imscrúdú a oscailt ar ábhair den sórt sin i gcásanna (a) ina dtagraíonn na líomhaintí do chiapadh arna dhéanamh ag oifigigh agus 'seirbhísigh' eile nó ag daoine i bpoist mheánbhainistíochta, agus (b) ina bhfuil an acmhainneacht agus an saineolas riachtanach ag an ICOG lena mbaineann agus go bhfuil sé in ann a fhiosrúchán inmheánach féin a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil neamhspleách, gan gá a bheith ann le hidirghabháil OLAF. I gcásanna den sórt sin, measann OLAF nach úsáid chomhréireach ná éifeachtúil a acmhainní a bheadh ann imscrúdú dá chuid féin a oscailt agus nach soláthródh sé aon bhreisluach. Sna cásanna sin, díbheann an tArd-Stiúrthóir an cás agus seolann sé an fhaisnéis ábhartha chuig an ICOG lena mbaineann ionas go bhféadfaí gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 5(6) de Rialachán OLAF.

69. Measann OLAF go mbeadh sé iomchuí agus riachtanach a imscrúdú féin a oscailt, áfach, nuair a dhéantar na líomhaintí maidir le ciapadh in aghaidh oifigigh agus comhaltaí de ICOGanna ar daoine ardchéime agus ardbhainistíochta iad i gcás inarb é OLAF agus eisean amháin a d'fhéadfadh an méid neamhspleáchais is gá a ráthú agus imscrúduithe den sórt sin á ndéanamh.

70. Chinn an Coiste go bhfuil cur chuige OLAF maidir le láimhseáil na ngearán faoi chiapadh i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme agus lena shainordú. Thairis sin, mheas an Coiste, i gcásanna ciaptha ag oifigigh ardchéime agus shinsearacha, go soláthraíonn imscrúdú OLAF fíor-bhreisluach i dtéarmaí neamhspleáchais agus neamhchlaontachta nuair a bhíonn imscrúduithe den sórt sin á ndéanamh.

71. Maidir leis an ábhar sin, tugann an Coiste dá aire, i bhfianaise an phoist ardchéime laistigh den ICOG lena mbaineann agus an ardleibhéil freagrachta a shanntar do bhaill foirne shinsearacha AE áirithe nó do chomhaltaí de ICOGanna, go bhféadfadh sé nach mbeadh imscrúdú inmheánach arna dhéanamh ag an ICOG lena mbaineann oibiachtúil, neamhspleách ná neamhchlaonta a dhóthain. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na hacmhainní is gá ag ICOGanna fiú chun foireann speisialaithe inmheánach a cheapadh a bheadh freagrach as imscrúdú riaracháin a dhéanamh. Ar deireadh, líomhaintí maidir le ciapadh ag oifigigh ardchéime agus comhaltaí de ICOGanna arna n-imscrúdú ag a n-institiúid, a gcomhlacht nó a ngníomhaireacht féin, d'fhéadfadh na líomhaintí sin damáiste tromchúiseach a dhéanamh d'íomhá agus do chlú an ICOG atá i gceist.

72. Thug an Coiste dá aire freisin, cé go raibh na ICOGanna comhoibríoch agus nár chuir siad isteach ar imscrúdú OLAF i bhformhór na gcásanna a ndearnadh anailís orthu, gur léirigh ICOGanna easpa shoiléir comhoibrithe in dhá chás, rud a chaith amhras ar chumhacht OLAF imscrúduithe inmheánacha den sórt sin a dhéanamh. Mar thoradh air sin, cuireadh tuilleadh moille ar imscrúduithe OLAF agus bhí tionchar diúltach aige ar éifeachtúlacht a ghníomhaíochta.

73. Dá bhrí sin, thug an Coiste le fios, nuair a osclaíonn an tArd-Stiúrthóir imscrúdú ar ábhair a thagann faoi réim inniúlacht OLAF, go bhfuil oibleagáid gan choinníoll ar an ICOG lena mbaineann comhoibriú le OLAF agus staonadh ó imscrúduithe comhuaineacha. Sa chomhthéacs sin, is é tuairim an Choiste, nuair nach dtugann ICOG freagra dearfach ar iarrataí ó OLAF gan imscrúdú comhuaineach a dhéanamh ar ábhair atá á n-imscrúdú ag OLAF cheana féin nó nuair a dhiúltaíonn sé faisnéis atá ábhartha d'imscrúduithe OLAF a sheoladh ar aghaidh, gurb é atá ann dáiríre nach bhfuil an ICOG sin ag gníomhú i gcomhréir le Rialachán OLAF agus le prionsabal an chomhair dhílis. Bíonn tionchar diúltach ag iompraíocht den sórt sin ar éifeachtúlacht agus ar chomhsheasmhacht obair OLAF agus, ar deireadh, cuireann sé isteach ar uathriail agus neamhspleáchas OLAF agus na himscrúduithe laistigh dá shainordú á ndéanamh aige.

([29]) Chuir an Coiste Maoirseachta a thuairim ar an ábhar sin in iúl cheana i dTuairim Uimh. 4/2024 uaidh dar teideal 'Cumhacht OLAF imscrúduithe inmheánacha a dhéanamh: cás na gComhaltaí d'institiúidí an Aontais'.

2.6 ***Faireachán a dhéanamh ar fhad imscrúduithe OLAF***

74. Le hAirteagal 7(8) de Rialachán OLAF, ceanglaítear ar an gCoiste anailís ar bhonn cás ar chás a dhéanamh ar aon fhiosrúchán a mhaireann ar feadh tréimhse níos faide ná 12 mhí chun a áirithiú go ndéanfar imscrúduithe OLAF ar bhonn leanúnach agus thar thréimhse atá i gcomhréir lena n-imthosca agus lena gcastacht.

75. Trí fhaireachán tráthrialta a dhéanamh ar fhad imscrúduithe OLAF agus ar na cúiseanna le haon mhoill mhíchuí, féachann an Coiste lena fhíorú nach raibh aon chur isteach seachtrach ná inmheánach ann ar sheoladh neamhchlaonta imscrúdaithe. Imscrúdú atá fada gan údar maith a bheith leis sin, d'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha a bheith aige maidir leis na nithe seo a leanas: (i) cearta nós imeachta an duine nó na ndaoine lena mbaineann; agus/nó (ii) an obair leantach a dhéanfar i leith an imscrúdaithe. Trí fhaireachán a dhéanamh ar fhad na n-imscrúduithe, seiceálann an Coiste freisin gur baineadh úsáid éifeachtúil as na hacmhainní daonna agus airgeadais a leithdháileadh ar OLAF.

76. Measann an Coiste gur táscaire tábhachtach é fad na n-imscrúduithe ar éifeachtacht ghníomhaíocht OLAF agus tá aird ar leith tugtha aige ar an ábhar sin thar na blianta. Sa tuairim dheireanach uaidh faoin ábhar seo, Tuairim 5/2021, rinne an Coiste measúnú cuimsitheach ar imscrúduithe OLAF a bhí oscailte ar feadh tréimhse níos faide ná 36 mhí in 2019. Shainaithin an Coiste easnaimh áirithe a spreag roinnt moltaí a díríodh chuig Ard-Stiúrthóir OLAF.

77. I dTuairim 3/2024 uaidh a eisíodh le déanaí maidir leis na dréacht-treoirlínte nua maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe, ba dhíol sásaimh don Choiste an dul chun cinn atá déanta ag OLAF i dtaobh fad a imscrúduithe a bhainistiú agus d'aithin sé gur cuireadh cuid de mholtaí an Choiste san áireamh sna dréacht-treoirlínte athbhreithnithe maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe. Mar sin féin, chuir an Coiste i dtábhacht freisin a thábhachtaí atá sé go gcuirfidh na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe treoraíocht shoiléir ar fáil d'imscrúdaitheoirí faoi thréimhsí neamhghníomhaíochta gan údar maith a sheachaint le linn an phróisis imscrúdaithe. Sa chomhthéacs sin, chuir an Coiste roinnt moltaí faoi bhráid Ard-Stiúrthóir OLAF i ndáil le leasuithe ar na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe, ar moltaí iad a chuideodh le OLAF fadhb na n-imscrúduithe rófhada a shárú. Tá an Coiste muiníneach go ndéanfaidh Ard-Stiúrthóir OLAF na moltaí sin a fhormhuiniú sa leagan deiridh de na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe. Mar a luaitear thuas, áfach, is ábhar imní don Choiste é gur cuireadh glacadh na dtreoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe ar athló gan aon amlíne coincréiteach.

78. Le linn na bliana tuairiscithe, mar a tharlaíonn gach bliain, fuair an Coiste faisnéis ó OLAF faoi imscrúduithe a mhair ar feadh tréimhse níos faide ná 12 mhí. Chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi ar bhainistigh OLAF fad a imscrúduithe le linn 2024 agus ar an gcaoi ar chomhlíon sé prionsabal ginearálta na comhréireachta i dtaobh fhad na n-imscrúduithe OLAF, agus i bhfianaise moltaí a ceapadh roimhe seo, rinne an Coiste measúnú inar díríodh ar imscrúduithe a mhair ar feadh tréimhse níos faide ná 36 mhí (féach Roinn 2.6.2).

2.6.1 *Tuarascálacha a fuair an Coiste in 2024 ar imscrúduithe a mhair ar feadh tréimhse níos faide ná 12 mhí*


79. Mura bhféadfar imscrúdú a dhúnadh laistigh de 12 mhí óna oscailt, le hAirteagal 7(8) de Rialachán OLAF ([30]) ceanglaítear ar Ard-Stiúrthóir OLAF tuarascáil a thabhairt go foirmiúil don Choiste 12 mhí tar éis oscailt an imscrúdaithe agus gach 6 mhí ina dhiaidh sin. Sna tuarascálacha sin, leagann OLAF amach na cúiseanna a bhfuil an t-imscrúdú fós ar oscailt agus, i gcás inarb iomchuí ([31]), na bearta feabhais atá le déanamh chun dlús a chur leis an imscrúdú agus an tréimhse ama a mheastar a bheith i gceist lena thabhairt chun críche.

80. In 2024, fuair an Coiste 490 tuarascáil ó OLAF faoi 333 imscrúdú aonair a bhí fós ar siúl agus iad oscailte ar feadh tréimhse níos faide ná 12 mhí. Bhí 49 % de na himscrúduithe sin níos faide ná 24 mhí agus bhí 16 % díobh níos faide ná 36 mhí (Fíor 1). Tugtar an miondealú ar imscrúduithe OLAF de réir earnála i bhFíor 2.


([30]) Sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 7(8) de Rialachán 883/2013: 'Mura bhféadfar imscrúdú a dhúnadh laistigh de 12 mhí tar éis é a oscailt, déanfaidh an tArd-Stiúrthóir, ar dhul in éag don tréimhse 12 mhí sin agus gach sé mhí ina dhiaidh sin, tuarascáil a thabhairt don Choiste Maoirseachta, ina léireofar na cúiseanna agus na bearta feabhais a bheartaítear d'fhonn dlús a chur leis an imscrúdú.'.

([31]) Cuireadh an fhoclaíocht 'i gcás inarb iomchuí' le téacs Airteagal 7(8) de Rialachán OLAF trí bhíthin Rialachán Leasaitheach (AE, Euratom) 2020/2223.

Fíor 1: 333 chás fhada a tuairiscíodh in 2024



Fíor 2: Miondealú earnála ar chásanna fada a tuairiscíodh in 2024



2.6.2 *Faireachán ar imscrúduithe OLAF a bhí oscailte ar feadh tréimhse níos faide ná 36 mhí in 2024*

81. In 2024, rinne an Coiste faireachán tráthrialta ar fhad imscrúduithe OLAF, ag díriú go sonrach orthu siúd atá níos faide ná 36 mhí. Rinneadh an faireachán ina dhá chéim. Ar an gcéad dul síos, idir an 1 Eanáir agus an 31 Lúnasa rinne an Coiste anailís ar chásanna a bhí níos faide ná 36 mhí 2024 (39 gcás). Ansin, idir an 1 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig 2024 rinne an Coiste athbhreithniú ar chásanna nua a bhí níos faide ná 36 mhí (13 chás nua). Le linn an dara céim, scrúdaigh an Coiste an dul chun cinn maidir leis na 39 gcás a ndearnadh anailís orthu níos luaithe sa bhliain freisin.

82. I gcomhréir le hAirteagal 10 de na Socruithe Oibre a comhaontaíodh idir OLAF agus an Coiste ([32]), bhí rochtain ag an gCoiste ar cháschomhaid na 52 imscrúdú thuasluaite. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2024, bhí 44 cinn de na cásanna sin dúnta ag OLAF, agus bhí ocht gcinn acu fós ar siúl.

([32]) Leis na socruithe oibre a comhaontaíodh idir OLAF agus an Coiste, tugtar páirtrochtain dhíreach don Choiste ar an bhfaisnéis a bhaineann le cásanna, ar faisnéis í atá le fáil agus atá cláraithe i gcóras bainistithe cásanna OLAF. Tá na socruithe oibre le fáil ag: https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/system/files/2021-10/OLAF%20SC%20WA%20signed.pdf.pdf.

83. In athbhreithniú an Choiste, breathnaíodh ar na táscairí seo a leanas.

Leanúnachas gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha. Rinneadh athbhreithniú cúramach ar dhéine na ngníomhaíochtaí imscrúdaitheacha ar feadh gach cáis. Rinne an Coiste na cúiseanna a thug OLAF ina thuarascálacha 12 mhí a chros-seiceáil leis na cáschomhaid agus rinne sé anailís ar leanúnachas na ngníomhaíochtaí idir na tréimhsí tuairiscithe. Tugadh aird ar leith ar aon bhearna i ngníomhaíochtaí imscrúdaitheacha a mhair ar feadh tréimhse níos faide ná 3 mhí. Lorgaíodh na húdair a bhí le sosanna den chineál sin sa cháschomhad (údair a bhí luaite go sainráite nó intuigthe ar bhealach eile) ([33]). Dhírigh an Coiste freisin ar an measúnú a rinne Foireann Athbhreithnithe OLAF ar leanúnachas na n-imscrúduithe ([34]).

Pleanáil imscrúduithe agus beartú tosaíochta oibríochtúla. Rinne an Coiste athbhreithniú ar chleachtas inmheánach OLAF maidir le fad na n-imscrúduithe a bhainistiú, agus béim ar leith á leagan ar phleanáil agus ar bheartú tosaíochta oibríochtúla. Rinne an Coiste measúnú féachaint ar glacadh cur chuige comhsheasmhach aonfhoirmeach in aonaid uile OLAF ([35]). Bhreithnigh an Coiste freisin ar thug bainistíocht OLAF tosaíocht oibríochtúil d'imscrúduithe is faide ná 36 mhí, agus é mar chuspóir soiléir aige dlús a chur lena dtabhairt chun críche ([36]).

Comhréireacht agus éifeachtacht. Rinne an Coiste réamh-mheasúnú freisin ar chomhréireacht fhad gach imscrúdaithe ar mhaithe le meastóireacht a dhéanamh i dtaobh an raibh údar maith leis an bhfad bunaithe ar imthosca an cháis. Thairis sin, rinne an Coiste Maoirseachta measúnú féachaint an raibh na bearta feabhais a moladh fóinteach agus oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna nár tugadh imscrúduithe chun críche.

84. Is féidir an anailís a rinne an Coiste in 2024 a achoimriú mar a leanas.

Tuairisciú

85. Thug an Coiste dá aire gurbh é 'castacht an ábhair' an chúis ba mhinice a d'agair OLAF chun údar a thabhairt le fad imscrúdaithe (arna hagairt in 85 % de na cásanna). Na himthosca ina bhféadfaí a mheas go bhfuil imscrúdú casta, d'fhéadfaidís a bheith éagsúil ó chás go cás ag brath ar an ábhar agus ar na himthosca sonracha. Is gnách go luann OLAF castacht nuair a bhíonn a lán doiciméad ann agus nuair a bhíonn sé deacair iad a scrúdú mar gheall ar fhormáid, méid agus teanga na ndoiciméad. Luaitear castacht freisin nuair a thagann deacrachtaí idirdhlínsiúla agus saincheisteanna dlíthiúla eile chun cinn, nuair a bhíonn baint ag an gcás le go leor daoine ([37]) agus/nó le go leor tíortha nó nuair a d'fhéadfadh sin a bheith amhlaidh, nuair a bhíonn raon feidhme an imscrúdaithe leathan nó nuair is deacair anailís a dhéanamh ar idirbhearta.

86. Ar na cúiseanna eile a thuairiscigh OLAF chun údar a thabhairt le fad imscrúdaithe, tá imthosca inmheánacha (e.g. saincheisteanna acmhainní daonna amhail neamhláithreacht fhada príomh-imscrúdaitheora nó atheagrú foirne imscrúdaithe) nó imthosca seachtracha nach bhfuil neart ag OLAF orthu (e.g. deacrachtaí sa chomhar le páirtithe leasmhara, a bheith ag fanacht le hionchur ó institiúidí Eorpacha, ó údaráis náisiúnta nó ó pháirtithe leasmhara eile, nó tionchar phaindéim COVID-19).

87. Chuir an Coiste ábhar thuarascálacha 12 mhí OLAF i gcomparáid leis na sonraí uile a bhí ar fáil i ngach cáschomhad agus níor aimsigh sé neamhréireachtaí eatarthu. I dtéarmaí níos ginearálta, measann an Coiste gur féidir forléargas iontaofa ar an gcás a thabhairt leis an teimpléad a úsáidtear chun tuairisciú don Choiste, má líontar isteach i gceart é. Tá sé tábhachtach an fhaisnéis atá sa tuairisciú sin a thabhairt cothrom le dáta gach 6 mhí, agus aird ar leith á tabhairt ar na bearta feabhais a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe agus ar éifeachtacht na mbeart sin. Mar atá curtha in iúl ag an gCoiste cheana féin ([38]), má bhíonn imscrúdú á thabhairt chun críche tráth a dhréachtaítear an tuarascáil 12 mhí, tá an dualgas ar OLAF fós an Coiste a chur ar an eolas faoi na bearta feabhais a rinneadh le linn an imscrúdaithe.

([33]) Féach Tuairim 5/2021 ón gCoiste Maoirseachta, Moladh 1b.
([34]) Féach Tuairim 5/2021 ón gCoiste Maoirseachta, Moladh 2.
([35]) Féach Tuairim 5/2021 ón gCoiste Maoirseachta, Moladh 3.
([36]) Féach Tuairim 5/2021 ón gCoiste Maoirseachta, Moladh 4c.
([37]) Bhí réimse daoine nádúrtha/dlíthiúla sna cásanna a ndearnadh anailís orthu, ó 1 go 29.
([38]) Féach Tuairim 5/2021 ón gCoiste Maoirseachta, míreanna 38 agus 39.

Leanúnachas na n-imscrúduithe

a. *Bearnaí i ngníomhaíochtaí imscrúdaitheacha*

88. Rinne an Coiste scrúdú cúramach ar dhéine na ngníomhaíochtaí imscrúdaitheacha ar feadh gach cáis agus shainaithin sé tréimhsí neamhghníomhaíochta i saolré fhormhór na gcásanna a ndearnadh anailís orthu (47 gcás) ([39]). I bhformhór na gcásanna, bhí níos mó ná tréimhse neamhghníomhaíochta amháin ann. In 44 chás, d'aimsigh an Coiste bearnaí a mhair 3-8 mí ([40]). In 12 chás, mhair na bearnaí 9-15 mhí ([41]). I gceithre chás, d'aimsigh an Coiste tréimhsí neamhghníomhaíochta níos faide, idir 16 mhí agus 23 mhí ([42]). Aithníonn an Coiste, mar a sonraíodh cheana i dtuairimí roimhe seo, nach féidir anailís ar fhad imscrúdaithe a bhunú ar líon agus ar fhad na mbearnaí gníomhaíochta san imscrúdú sin agus ar an méid sin amháin, agus nach mór cáschomhad iomlán an imscrúdaithe a chur san áireamh in aon anailís mar aon le himthosca sonracha agus castacht gach cáis shonraigh, i gcomhréir le hAirteagal 7(5) de Rialachán OLAF.

89. Athdhearbhaíonn an Coiste ([43]) nach mór tréimhsí neamhghníomhaíochta a thaifeadadh i gceart agus údar cuí a thabhairt leo sa cháschomhad, agus gur cheart constaicí nó moilleanna a bhíonn ar fhoireann an cháis le linn saolré imscrúdaithe a chlárú agus a bheith inrianaithe in OCM i gcónaí (e.g. i bhfoirm nóta a ghabhann leis an gcomhad). Chuirfeadh sé sin ar a chumas do lucht bainistíochta OLAF faireachán éifeachtach a dhéanamh ar an dul chun cinn atáthar a dhéanamh in imscrúdú agus áirithíonn sé an leibhéal trédhearcachta agus cuntasachta is gá.

90. San anailís a rinne sé roimhe seo ar fhad na n-imscrúduithe, thug an Coiste faoi deara nach ndearna OLAF na himthosca a bhain le tréimhsí neamhghníomhaíochta a thaifeadadh i gceart in OCM i bhformhór na gcásanna ([44]). San anailís a rinneadh in 2024, léirítear go bhfuil feabhas tagtha ar an réimse sin, óir rinne OLAF doiciméadú tráthrialta ar bhearnaí níos faide ná 3 mhí ionas go bhféadfadh an Coiste na cúiseanna atá le tréimhsí neamhghníomhaíochta den sórt sin a thuiscint. Níor bhraith an Coiste bearnaí gan doiciméadú ach i bhfíorbheagán cásanna ([45]).

91. I ndáil leis an méid sin, molann an Coiste an cleachtas dul chun cinn incriminteach na hanailíse sonraí a dhéanann OLAF a dhoiciméadú i nótaí na gcáschomhad, chomh maith le haon chonstaic nós imeachta a bhíonn ar an bhfoireann imscrúdaithe a thaifeadadh ([46]).

92. Thug an Coiste dá aire freisin, cé gur chláraigh OLAF doiciméid in am i bhformhór na gcásanna, go raibh moill áirithe leis sin ar uairibh (e.g. malartuithe ríomhphoist a théann siar tamall sula gcuirtear isteach in OCM iad) ([47]). Imíonn an cleachtas sin ón ngá atá le soiléireacht agus trédhearcacht in OCM, rudaí atá fíorthábhachtach ó thaobh seoladh cuíchóirithe imscrúduithe, maoirseacht bhainistíochta agus obair faireacháin an Choiste. Dá bhrí sin, cuireann an Coiste i dtábhacht a thábhachtaí atá sé na doiciméid ábhartha uile a iontráil in OCM gan mhoill.

b. *Tuairimí na Foirne Athbhreithnithe*

93. I ngach ceann de na 44 chás a dúnadh, rinne an Coiste anailís freisin ar na tuairimí a d'eisigh an Fhoireann Athbhreithnithe sular dúnadh cás ar leith ('tuairim faoi dhúnadh'). D'aimsigh an Coiste méid áirithe ilchineálachta san anailís a rinne an Fhoireann Athbhreithnithe maidir le leanúnachas na n-imscrúduithe: i gcásanna áirithe, rinneadh tagairt i dtuairim na Foirne Athbhreithnithe do thréimhsí neamhghníomhaíochta nó do chastacht an cháis gan mínithe ná sonraí breise a sholáthar chun tacú le measúnú na Foirne Athbhreithnithe ([48]); i gcásanna eile, ní shonraítear sa tuairim ach 'nár aimsíodh aon tásc den sórt sin [ar mhoilleanna míchuí]', cé go bhféadfadh sé go dtabharfaí a mhalairt le fios in ábhar an cháschomhaid ([49]).

([39]) [Níor sainaithníodh aon tréimhse neamhghníomhaíochta i gcúig chás –faoi rún].
([40]) [Faoi rún].
([41]) [Faoi rún].
([42]) [Faoi rún].
([43]) Féach Tuairim 5/2021 ón gCoiste Maoirseachta, mír 44.
([44]) Féach Tuairim 5/2021 ón gCoiste Maoirseachta, míreanna 45 agus ss.
([45]) [Faoi rún].
([46]) [Faoi rún].
([47]) [Faoi rún].
([48]) [Faoi rún].
([49]) [Faoi rún].

94. Athdhearbhaíonn an Coiste an tuairim a chuir sé in iúl roimhe seo ([50]) go bhfuil an measúnú a rinneadh ag deireadh an imscrúdaithe thar a bheith ábhartha maidir le faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht ghníomhaíocht OLAF. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go sainaithneofaí sna tuairimí a eisíonn an Fhoireann Athbhreithnithe amlíne bheacht aon tréimhse neamhghníomhaíochta agus go mbainfí conclúidí soiléire dea-réasúnaithe as an méid sin.

Pleanáil imscrúduithe agus beartú tosaíochta

95. Mar chuid den nuashonrú deireanach ar na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe, leasaigh OLAF Airteagal 9(1) chun an ceanglas ar aonaid imscrúdaithe 'plean oibre tosaigh a leagan amach' a chur san áireamh. Is díol sásaimh don Choiste an fhorbairt sin agus aithníonn sé iarrachtaí Ard-Stiúrthóir OLAF Moladh 3 de Thuairim 5/2021 a chur chun feidhme.

96. Léirigh an anailís a rinneadh, áfach, nár tarraingíodh suas pleananna imscrúdaithe tosaigh in 60 % de na cásanna. Sa 40 % eile de na cásanna, cuireadh plean oibre tosaigh ar fáil, cé nár tugadh an plean oibre tosaigh cothrom le dáta ach i dtrí chás ([51]). Aithníonn an Coiste gur osclaíodh formhór mór na n-imscrúduithe a ndearnadh anailís orthu sular tugadh na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe cothrom le dáta i mí Dheireadh Fómhair 2021. Athdhearbhaíonn an Coiste a thuairim ([52]), áfach, go rachadh cur chuige níos comhsheasmhaí chun tairbhe d'oibríochtaí OLAF. Trí phleananna oibre a tharraingt suas ag tús imscrúdaithe agus a thabhairt cothrom le dáta nuair is gá, tugtar uirlis nithiúil do lucht bainistíochta OLAF chun faireachán a dhéanamh ar fhad agus ar dhul chun cinn imscrúduithe agus chun an úsáid is fearr a bhaint as a acmhainní foirne.

97. In anailís an Choiste, aimsíodh leibhéal áirithe ilchineálachta freisin maidir le tosaíocht oibríochtúil a shannadh do chásanna. Níor tugadh tosaíocht go sainráite ach d'ocht n-imscrúdú a bhí níos faide ná 36 mhí ([53]). Léiríodh san anailís freisin, áfach, cé nár deonaíodh tosaíocht oibríochtúil go sainráite dóibh, gur dúnadh 30 cás go gairid tar éis dóibh a bheith oscailte ar feadh tréimhse níos faide ná 36 mhí ([54]).

98. Maidir leis an tsaincheist sin, is díol sásaimh don Choiste é – mar fhorbairt dhearfach lena gcomhlíontar Moladh 4c de Thuairim 5/2021 – gur thug OLAF tosaíocht go huathoibríoch d'fhormhór na n-imscrúduithe a bhí ar siúl ar feadh tréimhse níos faide ná 36 mhí. Mar sin féin, cuireann an Coiste i dtábhacht freisin a thábhachtaí atá sé taifead a dhéanamh sa cháschomhad ar chinntí maidir le tosaíocht a thabhairt d'imscrúdú, chomh maith le haon athrú ina dhiaidh sin ar chinntí den sórt sin a dhoiciméadú.

99. San anailís a rinne an Coiste ar chásanna a bhí ar siúl ar feadh tréimhse níos faide ná 36 mhí in 2024, tugadh léargas ar roinnt torthaí. Ar an gcéad dul síos, tháinig méadú beag ar na cásanna sin i gcomparáid le 2019 (méadú ó 10 % go 16 % de na cásanna uile a tuairiscíodh in 2024). Is cosúil go bhfuil an figiúr sin comhsheasmhach leis an laghdú ar líon bhaill foirne OLAF le cúig bliana anuas agus le castacht mhéadaitheach na n-imscrúduithe a dhéanann OLAF ([55]). Cuireadh i dtábhacht san anailís, áfach, gur cuireadh dlús leis an gcuid is mó de na himscrúduithe tar éis dóibh a bheith oscailte ar feadh 36 mhí, rud a d'fhág gur dúnadh formhór na gcásanna idir 36 mhí agus 42 mhí.

100. Agus é ag breathnú ar leanúnachas na n-imscrúduithe, shuigh an Coiste go raibh údar maith leis na bearnaí sainaitheanta i mbeagnach 70 % de na cásanna ([56]). Sa 30 % eile, shuigh an Coiste gur gné chomónta a raibh tionchar aici ar fhad an imscrúdaithe ab ea neamhláithreacht fhada an phríomh-imscrúdaitheora agus/nó athruithe dá bharr sin ar chomhdhéanamh fhoireann an cháis ([57]). Ar deireadh, dar leis an gCoiste, tá líon teoranta cásanna a ndearnadh anailís orthu ([58]) ina -ábhar imní maidir le comhréireacht a bhfaid; measann an Coiste nach raibh imscrúduithe OLAF leanúnach sna cásanna sin agus nach raibh údar maith leis na bearnaí. I bhfianaise na mbreithnithe thuas, cuireann an Coiste i dtábhacht a thábhachtaí atá sé bearnaí sna himscrúduithe a theorannú a mhéid is féidir. Cuireann sé i dtábhacht freisin an gá atá ann údar soiléir a thabhairt sa cháschomhad le tréimhsí neamhghníomhaíochta den sórt sin.

([50]) Moladh 2 de Thuairim 5/2021 ón gCoiste Maoirseachta.
([51]) [Faoi rún].
([52]) Moladh 3 de Thuairim 5/2021 ón gCoiste Maoirseachta.
([53]) [Faoi rún].
([54]) [Cásanna a dúnadh idir 36 mhí agus 42 mhí – faoi rún].
([55]) In 2019, d'agair OLAF 'castacht an ábhair' mar chúis le fad an imscrúdaithe in 43 % de na cásanna, ach sa bhliain tuairiscithe bhí an figiúr ag 85 %.
([56]) [Faoi rún].
([57]) [Faoi rún].
([58]) [Faoi rún].

101. Léirítear san anailís freisin, cé gur ceanglas faoi Airteagal 9(1) de na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe atá ann faoi láthair é pleananna oibre a dhréachtú, nach bhfuil pleananna oibre glactha go fóill ar bhonn comhsheasmhach ó aonad imscrúdaitheach go chéile. Tá súil ag an gCoiste go gcuirfear Airteagal 9(1) de na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe i bhfeidhm ar bhealach níos comhsheasmhaí amach anseo.

2.7 *Faireachán coiste ar ghearáin aonair a cuireadh faoi bhráid OLAF*

102. Mar a tharlaíonn gach bliain, fuair an Coiste tuarascálacha leathbhliantúla agus doiciméid ábhartha maidir le gearáin aonair a láimhseáil OLAF. In 2024, chuir an tArd-Stiúrthóir an Coiste ar an eolas gur dhéileáil OLAF le trí ghearán ar an iomlán. Thug an tArd-Stiúrthóir forléargas freisin ar na gearáin ar dhéileáil an tOmbudsman Eorpach leo. Thug OLAF rochtain uathoibríoch ar na cásanna comhfhreagracha i gcóras bainistithe cásanna OLAF, ina bhfuil gach doiciméad ábhartha agus an fhaisnéis ábhartha uile ([59]). Dhírigh an Coiste ar na trí ghearán a láimhseáil OLAF go díreach in 2024 bunaithe ar Airteagal 90a de na Rialacháin Foirne ([60]).

103. Faoi Airteagal 90a de na Rialacháin Foirne, féadfaidh oifigigh an Aontais agus baill foirne eile iarrataí a chur faoi bhráid Ard-Stiúrthóir OLAF a bhaineann lena gcearta agus leis an gcaoi a ndéileáiltear leo i gcomhthéacs imscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF. Is féidir leo gearáin a chur isteach freisin in aghaidh gníomhaíocht a dhéanann dochar dóibh i dtaca le himscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF.

104. Tugann an Coiste dá aire, in dhá ghearán arna gcur isteach ag daoine lena mbaineann in imscrúduithe OLAF, go ndearna na hiarratasóirí iarrataí ar chúiteamh i leith damáistí as ucht sárú líomhnaithe ar ráthaíochtaí nós imeachta. Cuireadh an dá ghearán isteach tar éis do na himscrúduithe OLAF atá i gceist a bheith dúnta. Chuir faisnéiseoir an gearán eile isteach a bhain le 'cás dífe' inar chinn OLAF gan imscrúdú a oscailt.

105. Sna gearáin thuasluaite, measann an Coiste gur sholáthair OLAF mínithe leordhóthanacha do na gearánaigh uile agus gur ghníomhaigh sé i gcomhréir lena oibleagáid faoi Airteagal 41(2)(c) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh maidir leis 'an oibleagáid atá ar an lucht riaracháin cúiseanna a thabhairt lena chinntí'.

3 **Comhar**

3.1 *Comhar le OLAF*

106. In 2024, rinne an Coiste comhdhlúthú ar an gcomhar tairbheach atá aige le OLAF trí idirphlé oscailte fóinteach a choinneáil ar bun le hArd-Stiúrthóir OLAF agus lena fhoireann.

107. Lean an Coiste den chleachtas cuireadh a thabhairt d'Ard-Stiúrthóir OLAF agus dá fhoireann freastal ar a chruinnithe míosúla chun aon ábhar atá ábhartha d'obair an Choiste agus d'obair OLAF a phlé agus chun eolas a fháil air. Chomh maith leis sin, reáchtáil comhaltaí an Choiste agus an Rúnaíocht cruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla le lucht bainistíochta agus foireann OLAF mar chuid d'ullmhúchán obair an Choiste.

108. Fuair an Coiste na tuarascálacha seo a leanas ó OLAF, i gcomhréir le forálacha Rialachán OLAF agus le cleachtais oibre bhunaithe: (i) tuarascálacha ar imscrúduithe a mhair ar feadh tréimhse níos faide ná 12 mhí; (ii) tuarascálacha inar tharla nach ndearnadh obair leantach ar mholtaí a d'eisigh OLAF ó bhí an 1 Deireadh Fómhair 2013 ann agus a bhfuair OLAF freagraí ina leith ó na húdaráis lena mbaineann i gcleachtadh faireacháin bliantúil 2023; (iii) tuarascálacha ar ghearáin a rinneadh le OLAF faoi ráthaíochtaí nós imeachta in imscrúduithe OLAF a bhí fós ar siúl; (iv) tuarascálacha ar chásanna ar cuireadh faisnéis chuig údaráis bhreithiúnacha náisiúnta ina leith; agus (v) tuarascálacha ar chur siar faoi Airteagal 4(6) de Rialachán OLAF.

([59]) De bhun Airteagal 6(2) de na Socruithe Oibre idir OLAF agus an Coiste Maoirseachta.

([60]) Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), lena leagtar síos Rialacháin Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach eile de Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus den Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, le fáil ag: EUR-Lex - 01962R0031-20140501 - EUR-Lex.

3.2 *Caidreamh le páirtithe leasmhara*

109. Tá an Coiste cuntasach do na hinstitiúidí a cheap a chomhaltaí agus, san am céanna, is comhpháirtí idirphlé d'institiúidí an Aontais é. Tuairiscíonn an Coiste d'institiúidí an Aontais ar a chuid gníomhaíochtaí, féadfaidh sé tuairimí a eisiúint ar iarraidh a fháil uathu, ullmhaíonn sé tuarascálacha ar ábhair imscrúdaitheacha agus malartaíonn sé tuairimí leo ar an leibhéal polaitiúil ([61]).

110. Measann an Coiste go bhfuil sé tábhachtach teagmháil thráthrialta a choinneáil ar bun le hinstitiúidí an Aontais agus le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara OLAF chun feabhas a chur ar an sreabhadh faisnéise agus chun aiseolas a fháil faoi fheidhmíocht OLAF. Bhí an Coiste agus a Rúnaíocht i dteagmháil leo seo a leanas: (i) an tOmbudsman Eorpach (rannpháirtíocht i gcruinniú iomlánach an Choiste an 9 Iúil 2024); (ii) Meitheal na Comhairle um Chomhrac na Calaoise (cur i láthair ar thuarascáil bhliantúil 2023 ón gCathaoirleach an 18 Iúil 2024); (iii) Coiste um Rialú Buiséadach (CONT) Pharlaimint na hEorpa (cur i láthair ar thuarascáil bhliantúil an Choiste, 2023, ón gCathaoirleach an 5 Meán Fómhair 2024). Ghlac Cathaoirleach an Choiste páirt i gComhdháil OLAF-OIPE freisin an 22 Aibreán 2024 agus ghlac rapóirtéir na Seirbhíse Comhordúcháin Frith-Chalaoise (AFCOS) páirt i gComhdháil AFCOS 2024 arna heagrú ag OLAF an 16 Deireadh Fómhair 2024.

111. Ghlac an Coiste páirt freisin sa mhalartú tuairimí idirinstitiúideach bliantúil maidir le OLAF a bhí ar siúl an 3 Nollaig 2024 agus a dhírigh ar úsáid na hintleachta saorga ag gníomhaithe frithchalaoise an Aontais. Ghlac an Coiste páirt ghníomhach sa chruinniú agus d'aithin sé na tairbhí a d'fhéadfadh teacht as algartaim uathoibríocha a úsáid chun calaois a bhrath agus imscrúduithe a chuíchóiriú. Agus an intleacht shaorga á cur i bhfeidhm ar an mbealach is simplí, d'fhéadfadh sí cúraimí atriallacha a uathoibriú agus tacú le foireann OLAF measúnú a dhéanamh agus tuiscint a fháil ar na creataí dlíthiúla náisiúnta éagsúla. I gcásanna níos forbartha, méadaíonn úsáid na hintleachta saorga cumais i ndáil le méideanna móra sonraí a phróiseáil ar bhealach níos éifeachtúla agus níos cruinne ná riamh. I gcomhréir lena shainchúram sonrach, chuir an Coiste i dtábhacht gur cheart urraim a thabhairt do na teorainneacha a fhorchuirtear leis an gcreat dlíthiúil, le cásdlí agus le caighdeáin eiticiúla nuair a bhíonn an intleacht shaorga á húsáid. Chuir sé i dtábhacht freisin na rioscaí a bhaineann go dlúth le húsáid na hintleachta saorga i dtéarmaí claontachta, inmhínitheachta agus trédhearcachta, mar aon le saincheist na gcostas agus an ghá a bheadh le cistiú leordhóthanach dá bharr sin.

4 **Riarachán agus acmhainní**

4.1 *Modhanna oibre an Choiste Maoirseachta*

112. In 2024, bhí 11 chruinniú iomlánacha ag an gCoiste a reáchtáladh ar bhealach hibrideach nó i bpearsa ([62]). Cheap an Coiste rapóirtéir le haghaidh gach mór-shaincheiste a scrúdaíodh. D'oibrigh na rapóirtéirí leis an Rúnaíocht chun dréacht-tuarascálacha a ullmhú lena bplé ag na cruinnithe iomlánacha. Reáchtáil siad cruinnithe neamhfhoirmiúla agus foirmiúla freisin le baill foirne ábhartha OLAF agus leis an Rúnaíocht maidir le dréachtú tuairimí. Tháinig an Cathaoirleach, na rapóirtéirí agus na comhaltaí den Rúnaíocht le chéile ar bhonn tráthrialta freisin chun obair a dhéanamh ar shaincheisteanna sonracha.

113. Tar éis don Uasal Cretin éirí as a phost i mí Iúil 2024, lean an Coiste de bheith ag obair mar choiste ceathrar comhaltaí go dtí deireadh na bliana. An comhalta a chuirfear in ionad an Uasail Cretin ar feadh a bhfuil fágtha dá théarma oifige, ceapfar é ón bpainéal ionadaithe a áirítear sa Chinneadh lena gceaptar comhaltaí Choiste Maoirseachta OLAF ([63]) a ghlac Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 28 Márta 2022.

([61]) Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 883/2013: 'Tabharfaidh an Coiste Maoirseachta don Ard-Stiúrthóir tuairimí, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí, moltaí maidir leis, *inter alia*, na hacmhainní a mbeidh gá leo chun feidhm imscrúdaitheach na hOifige [OLAF] a chomhlíonadh, maidir le tosaíochtaí imscrúdaitheacha na hOifige agus maidir le fad na n-imscrúduithe. Féadfar na tuairimí sin a thabhairt ar a tionscnamh féin, arna iarraidh sin don Ard-Stiúrthóir nó **arna iarraidh sin d'institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht**, gan cur isteach, áfach, ar sheoladh na n-imscrúduithe atá fós ar siúl. […]
[...] Tabharfar cóip de na tuairimí a thugtar de bhun an tríú fomhír do na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí.'

([62]) Ó mhí Eanáir go mí na Nollag 2024.

([63]) Cinneadh (AE, Euratom) 2022/521 ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 28 Márta 2022 lena gceaptar comhaltaí Choiste Maoirseachta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF).

4.2 ***An Rúnaíocht***

114. In 2024, lean an Rúnaíocht de bheith ag tacú le comhaltaí an Choiste a gcuid dualgas a chur i gcrích, rud a threisíonn neamhspleáchas OLAF. Meabhraíonn an Coiste, mar a rinne sé sa tuarascáil roimhe seo ([64]), a thábhachtaí atá sé go mbeadh acmhainní leordhóthanacha ag an Rúnaíocht chun tacú leis an gCoiste Maoirseachta agus le rialaitheoir na ráthaíochtaí nós imeachta araon agus chun deighilt riachtanach na gcúraimí idir an dá chomhlacht a chaomhnú. Tar éis malartú na bliana seo caite idir an Coiste agus Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an tsaincheist sin, dhearbhaigh an tArd-Rúnaí don Choiste go soláthrófaí an tacaíocht a iarradh.

115. I gcaitheamh na tréimhse tuairiscithe, sheol an Rúnaíocht dhá phróiseas earcaíochta. Tá coinne leis go dtiocfaidh beirt isteach sa Rúnaíocht sa chéad ráithe de 2025.

116. Bhí baint ag an gCoiste leis na próisis earcaíochta sin. Ní fhéadfaidh oifigigh a shanntar don Rúnaíocht treoracha a lorg ná a ghlacadh riamh maidir le feidhmiú fheidhmeanna faireacháin an Choiste ó aon rialtas ná ó aon institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht. Le rannpháirtíocht an Choiste san earcaíocht sin, áirithítear agus ráthaítear neamhspleáchas an phróisis roghnúcháin.

117. Le linn na bliana, lean an Rúnaíocht, ar nós na coda eile den Choimisiún, ag oibriú ar mhodh hibrideach, is é sin meascán idir obair ar an láthair agus cianobair, agus chuir sí an clár oibre i gcrích mar a comhaontaíodh leis an gCoiste.

118. Tá an Rúnaíocht nasctha ó thaobh riaracháin de (ó bhí mí Márta 2017 ann) leis an Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla an Choimisiúin Eorpaigh (PMO), cé go bhfuil sí lonnaithe i gcrios slándála ar leith laistigh d'áitreabh OLAF. Chuir an Coiste in iúl go minic roimhe seo go raibh amhras air go raibh an nasc 'hibrideach' atá ag a Rúnaíocht le PMO lonnaithe ar an láthair is iomchuí.

4.3 ***Ábhair bhuiséid***

119. EUR 200 000 a bhí sa bhuiséad a bhí ag an gCoiste le haghaidh 2024. EUR 160 580,99 a bhí sa mhéid iarbhír a eisíocadh faoi dheireadh 2024, arb é thart ar 80 % den mhéid iomlán é.

120. Is é Stiúrthóir PMO an t-oifigeach údaraithe trí fho-tharmligean atá freagrach as caiteachas.

([64]) Tuarascáil Bhliantúil 2023 ón gCoiste Maoirseachta, mír 49.